LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

CLÁR ÁBHAIR


**AN COIMISIÚN ATHCHÓIRITHE DLÍ AGUS FOIREANN**

**RÉAMHRÁ**

**CAIBIDIL 1** **7**
**TÚS ÁITE**
Forléargas ar obair an Choimisiúin in 2019 7
Feidhmeanna an Choimisiúin 8
Ráiteas Straitéiseach 2018-2020 9
Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairleoireachta 9

**CAIBIDIL 2** **14**
**ATHCHÓIRIÚ DLÍ:OBAIR AR CHLÁRACHA ATHCHÓIRITHE DLÍ AGUS IARRATAIS ATURNAE; AGUS REACHTAÍOCHT A CHUR I bhFEIDHM**
Forléargas 14
Athbhreithniú mionsonraithe ar obair an Choimisiúin agus cur i bhfeidhm in 2019 16
1. Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí 16
2. Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála 16
3. Dlí san Aois Dhigiteach 17
4. Dlí agus Nós Imeachta Cóiriúil 18
5. Dlí Sibhialta agus Tráchtála 19
6. Dlí Talún, Comharbas agus Trustaí 21
7. Seirbhísí Sláinte 22
8. Dlí Idirnáisiúnta 22

**CAIBIDIL 3** **23**
**ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT**
Réamhrá 23
Eolaire Reachtaíochta 23
Achtanna Athbhreithnithe 24
Liosta Aicmithe Reachtaíochta 25
Tionscnamh Athbhreithnithe Roimh Reachta 1922 25

**CAIBIDIL 4** **26**
**RIARACHÁN**
Réamhrá 26
An Coimisiún 26
An Coiste Bainistíochta 26
Foireann Riaracháin 27
Foireann Taighde agus Leabharlainne 27
Airgeadas 28
Socrúcháin Rialachais 29
Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit 29
Éifeachtacht Fhuinnimh 31
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 31
An tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014 31
Rún an Choimisiúin maidir le ráitis airgeadais agus aschuir 2019 31

**Aguisín 1**
Cairt Eagraíochta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 2019 33

**Aguisín 2**
Rogha Ócáidí, Cruinnithe agus Seiminéir an Choimisiúin 2019 34

**Aguisín 3**
Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais ar an gCoimisiún Athchóirithe Dlí 2019 36

**AN COIMISIÚN ATHCHÓIRITHE DLÍ AGUS FOIREANN**

AN COIMISIÚN

Comhdhéanann an Coimisiún Athchóirithe Dlí cúigear bhall, an tUachtarán agus ceathrar Choimisinéirí eile. [1] In 2019, bhí baill an Choimisiúin mar a leanas:

**AN Breitheamh Onórach Mary Laffoy**
Uachtarán

**Raymond Byrne BL**
An Coimisinéir (lán-aimseartha)

**Donncha O'Connell**, Ollamh Dlí Bunaithe, Scoil Dlí, Coimisinéir OÉ Gaillimh (páirt-aimseartha)

**Tom O'Malley BL,** Leachtóir Sinsearach, Scoil Dlí, Coimisinéir OÉ Gaillimh (páirt-aimseartha)

**An Breitheamh Onórach Carmel Stewart**
An Coimisinéir (páirt-aimseartha)

FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

**Stiúrthóir Taighde:**
An tOllamh Ciarán Burke (go dtí Iúil 2019)

**Leas-Stiúrthóir Taighde:**
Robert Noonan

**Bainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht:**
Alma Clissmann

**Leas-Bhainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht:**
Kate Doran

**Bainisteoir Tionscadail Ionstraim Reachtúla um Rochtain ar Reachtaíocht**
Fiona Carroll

**Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise:**
Órla Gillen

TAIGHDEOIRÍ DLÍ[2]

Hazel Bergin, Leanne Caulfield, Eunice Collins, Eire Dempsey, Liam Dempsey, James Egleston, Ivan Gramatikov, Sandra Eaton, Rachel Gaffney, Morgane Herve, Niamh Ni Leathlobhair, Claire O'Connell, Rebecca O'Sullivan, Suzanne Scott.

1 Ar théarmaí ceapacháin cúigear bhall an Choimisiúin, féach Caibidil 4, thíos.
2 Ní raibh gach taighdeoirí dlí fostaithe don bhliain féilire iomlán.

## FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN[3]

| | |
|---|---|
| **Ceannaire Riaracháin:** | Bríd Rogers |
| **Oifigigh Feidhmiúcháin:** | Gavin Walsh<br>Ger Mooney |
| **Oifigigh Cléiriúla:** | Roslyn Dalton |

3 Ní raibh gach ball na foirne riaracháin fostaithe don bhliain féilire iomlán.

**RÉAMHRÁ**

Thar ceann an Choimisiúin Athchóirithe Dlí, tá áthas orm ár dTuarascáil Bliantúil do 2019 a chur ar fáil.

Le linn 2019, rinne an Coimisiún a thuilleadh dul chun cinn suntasach i dtreo críochnaithe ár gCeathrú Chlár Athchóirithe Dlí. Thosaigh an Coimisiún freisin ag obair ar go leor tionscadail inár gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí, a d'fhaomhaidh an Rialtas gan mhodhnúchán ar an 20 Márta 2019. Ansin d'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil ar an gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí,* ina bhfuil achoimre ar gach 15 tionscadal san áireamh leis an gClár,

I rith na bliana, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin dhá Thuarascáil a chríochnaigh ár gcuid oibre ar dhá iarratas sonrach déanta ag an Ard-Aighne faoi réir *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975,* arbh é sin foinse eile le taighde ar athchóiriú dlí in éineacht lenár n-obair bainteach leis an gClár.

Leis an gcéad cheann dóibh, *Tuarascáil maidir le Pribhléid do Thuarascálacha Cúirte faoi réir an Achta um Chlúmhilleadh 2009*, bhí riachtanas ann gur chóir don Choimisiún measúnú a thabhairt ar na cearta agus leasanna iomaíocha a bhaineann le dlí um chlúmhilleadh agus conas a bhain siad sin i gcomhthéacs sonrach nósanna imeachta na cúirte. Mhol an Coimisiún coinneáil don phribhléid iomlán reatha i gcuid 17 an Achta 2009 do thuarascálacha "cóir agus cruinn", agus go mbainfeadh cuid 17 leas as ionchuimsiú liosta neamhiomlán fachtóirí a chinnfeadh an gcloíonn tuarascáil cúirte leis an scrúdú. Mhol an Tuarascáil freisin gur chóir do scóip na pribhléide a bheith infheidhmithe fós do thuarascálacha cúirte ag daoine nach iriseoirí creidiúnaithe iad, is cuma an scríbhneoirí acadúla nó "iriseoirí an phobail" iad, agus ar dhéileáil an Tuarascáil leis an riachtanas chun tuarascálacha cúirte a rialú tríd na meáin sóisialta.

An dara Tuarascáil a d'eascraigh ó iarratas an Ard-aighne ná an *Tuarascáil ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe*, inar mhol an Coimisiún gur chóir an príomh-thástáil suibiachtúil leagtha amach in *Acht um Dhlí Coiriúil (Éigniú) 1981* a bheith athchurtha ag tástáil oibiachtúil príomha. Chuir an Coimisiún béim ar an tábhacht a ghabhann leis an tionscadal seo, á chur leis mar cheann de dhá théama inár gComhdháil Bhliantúil déanta i Samhain 2019.

Ag tosú ar Chúigiú Chlár an Choimisiúin, bhí mo Choimisinéirí eile agus mise ag súil leis an obair a thosú chomh luath agus is féidir ar an 15 tionscadal sa Chlár. I ngeall ar dhíogras ár bhfoirne taighde beag, bhíomar in ann Eagráin Comhairleacha a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana ar dhá cheann de na tionscadail sin, ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta agus Damáistí a Uasteorannú i nGníomhartha Gortuithe Pearsanta. Tá an Coimisiún tiomanta chun leanúint ag déanamh dul chun cinn ar inneachar uaillmhianach an Chúigiú Chlár sna blianta le teacht.

Ba mhaith liom trácht ar leith a chur leis an obair thábhachtach atá ag an gCoimisiún faoi réir cheannlítir ghinearálta Rochtana ar Reachtaíocht. Is gné fadbhunaithe anois é le taighde an Choimisiúin, agus áirítear leis go leor seirbhísí atá riachtanach go leor don phobal dlíthiúil agus ginearálta, go háirithe ag tabhairt rochtana ar os cionn 380 Achtanna Athbhreithnithe (arbh iad sin comhdhlúthú riaracháin ar Achtanna ina bhfoirmeacha leasaithe), an tEolaore Reachtaíochta (arbh é sin liosta cuimsitheach le gach leasú agus éifeachtaí eile le gach reachtaíocht) agus Liosta Aicmithe Reachtaíochta i bhFeidhm (bunachar sonraí le os cionn 2,000 Acht agus 15,000 ionstraim reachtúil eagraithe faoi 26 ceannlítir suibiachta). In 2019 (le tacaíocht thábhachtach ó Oifig an Ard-Aighne) chuir an Coimisiún lenár n-obair ar Rochtain ar Reachtaíocht an chuid a bhí fágtha óm gClár Athbhreithnithe ar Dhlí Reachtúil roimh 1922

(SLRP), a bhfuil sé mar aidhm leis a chinneadh cén ionstraimí a fhanann i bhfeidhm ó 1821 go 1922.

Ba mhaith liom freisin buíochas a léiriú do na Coimisinéirí eile as a gcuid tiomantais, oibre agus tacaíochta le linn 2019. Mar Choimisinéirí, táimid go mór faoi chomaoin ag na daoine go léir a chuireann feabhas agus a chuidíonn leis an gCoimisiún a feidhm a chomhlíonadh. Go háirithe, glacaim deis anois chun an comhairle deonach agus cúnamh a lua, a fhaighmid ó go leor daoine aonair agus grúpaí lena raibh an Coimisiún i gcomhairleoireacht nó a tháinig i dteagmháil linn astu féin. Tá an Coimisiún buíoch freisin as an gcomhoibríocht agus cúirtéis a fhaigheann sé ó ranna agus oifigí an Rialtais, agus ó ghníomhaireachtaí an Rialtais agus neamhrialtasacha araon. Is mór an feabhas a tháinig le hobair an Choimisiúin ag an rannpháirtíocht chomhoibríoch ar fud sochaí na hÉireann a bhaineann leis seo.

**AN Breitheamh Onórach Mary Laffoy,**
**Uachtarán an Choimisiúin**

**CAIBIDIL 1 TÚS ÁITE**

FORLÉARGAS AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2019

Le linn 2019, rinne an Coimisiún go leor dul chun cinn ar gach ceann de na tionscnaimh fágtha sa 4ú Chlár Athchóirithe Dlí. As an 11 tionscadal sa 4ú Chlár, bhí dhá cheann sáraithe ag forbairtí ó chríochnaíodh an Clár in 2013.[4] Ar an 20ú Márta 2019, d'fhaomhaidh an Rialtas 5ú Chlár an Choimisiúin Athchóirithe Dlí, ina bhfuil 15 tionscadal. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún tús leis an obair ar go leor de na tionscadail sin, agus d'fhoilsigh sé Páipéir Buncheisteanna ar dhá cheann dóibh sin roimh dheireadh na bliana. Le linn 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin a Thuarascálacha deiridh a bhain le 2 iarratas ón Ard-Aighne.

Is mar a leanas na forbairtí tábhachtacha in 2019.

***1. Foilseacháin athchóirithe dlí***

In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún na Tuarascálacha agus Páipéir Buncheisteanna a leanas:

- *Tuarascáil ar an gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* (LRC 120-2019). Ullmhaíodh an Cúigiú Chlár ag an gCoimisiún i ndiaidh comhairleoireacht agus plé phoiblí leathan, ina bhfuair an Coimisiún 77 aighneachtaí i scríbhinn agus d'eagraigh sé plé le NGO, grúpaí ionadaithe, Ranna an Rialtais agus Comh-choiste an Oireachtais ar Cheartas, Comhionannas agus Cosaint. I ndiaidh an phróisis comhairleoireachta sin, i gcomhréir leis an Acht 1975, bhí an Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí faofa ag an Rialtas ar an 20 Márta 2019 gan mhodhnú. Sa Tuarascáil seo is féidir teacht ar achoimre le gach ceann de na 15 tionscadal sa Chlár, in éineacht le cur síos ar an bpróiseas comhairleoireachta agus na prionsabail treoraithe curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún i rogha na dtionscadal.
- *Tuarascáil ar Phribhléid le Imeachtaí Cúirte faoi réir Achta Clúmhillte 2009* (LRC 121-2019). Bhí an Tuarascáil sin mar fhreagra le iarratas ón Ard-Aighne faoi réir coda 4(2)(c) *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* chun a mheas ar chóir athruithe a dhéanamh leis an *Acht um Chlúmhilleadh 2009* a dhéileálann le pribhléid do thuarascálacha ar imeachtaí cúirte. Molann an Tuarascáil seo gur chóir an pribhléid iomlán i gcuid 17 an Achta 2009 a choinneáil agus gur chóir é a leasú chun é a sholáthar, ag sonrú an bhfuil tuarascáil ar imeachtaí na cúirte "cóir agus cruinn", ní mór gach cúinsí an cháis a ghlacadh san áireamh, lena n-áirítear liosta neamhiomlán de 5 fhachtóir a d'eascraigh ón dlí cás.
- *Tuarascáil ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe* (LRC 122-2019). Ba é sin an dara Tuarascáil foilsithe in 2019 a d'eascraigh ó iarratas don Choimisiún ag an Ard-Aighne faoi réir an Achta 1975, a bhain le imscrúdú ar chóir athchóiriú a dhéanamh ar an eilimint feasachta nó creidimh i sainmhíniú éignithe i gcuid 2 *Achta Dlí Coiriúil (Éigniú) 1081* de réir leasaithe. Mhol an Tuarascáil gur chóir an scrúdú suibiachtúil príomha i gcuid 2 den Acht 1981 a athchur le tástáil oibiachtúil príomha.
- *Páipéar Buncheisteanna ar Dhamáistí a Uasteorannú i nGníomhartha Ghortuithe Pearsanta* (LRC IP 17-2019). Tá an Páipéar Buncheisteanna sin i dtionscadal atá mar chuid de *Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an Choimisiúin, agus baineann sé imscrúdú an mbeadh sé incheadaithe sa bhunreacht reachtaíocht a achtú le uasteorainn ar na damáistí ginearálta i ngníomhartha ghortuithe pearsanta. Phléigh an Páipéar forbairtí ábhartha sa dlí ar dhamáistí ginearálta agus cearta bunreachtúla ábhartha mar aon le scrúduithe bunreachtúlachta.

4 Féach Caibidil 2, fonóta 8, thíos.

D'iarr an Páipéar ar chomhairlithe ceithre samhail reachtaíochta féideartha a chur san áireamh i gcomhair uasteorannaithe ar dhamáistí ginearálta. Tá ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú ar an tionscnamh roimh dheireadh 2020.

- *Páipéar Buncheisteanna ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta* (LRC IP 18-2019). Tá an Páipéar Buncheisteanna seo ar thionscadal freisin a chomhdhéanann *Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an Choimisiúin. Luann an Páipéar Buncheisteanna go bhfuil comhaontú forleathan maidir leis an gá chun creat reachtúil a dhéanamh um chosaint daoine fásta, a rachfadh i ngleic le rioscaí mí-úsáide fisicigh, síceolaíoch agus airgeadais. Dá bhrí sin, breathnaíonn an Páipéar Buncheisteanna ar an gcruth ar féidir teacht ar an gcreart rialála sin, ag tógáil ar shocrúcháin reatha agus polasaí comhuaineach agus forbairtí reachtaíochta. Molann an Páipéar bunphrionsabail treoraíochta le gréasán rialála le haghaidh cosanta daoine fásta agus is aidhm leis tuairimí an phobail a lorg ar 11 príomh-cheisteanna a d'eascraigh sa tionscadal sin.

2. ***Rochtain ar reachtaíocht***

Áirítear le hobair an Choimisiúin maidir le rochtain ar reachtaíocht le linn 2019 a leanas:

- Nuashonruithe d'Eolairí Reachtaíochta, innéacs ar líne ar athruithe reachtacha le Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, nuashonraithe go fíorúil anois gach seachtain.
- Nuashonruithe ar os cionn 370 Acht Athbhreithnithe, cé acu Achtanna de réir leasaithe a léiríonn athruithe ón achtú, nuashonraithe laistigh dhá mhí.
- Athruithe ar mhodh uaslódála an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, a chomhdhéanann os cionn 2,000 Acht atá i bhfeidhm eagraithe faoi réir 36 teideal suibiachta, agus dréacht ar Liosta Aicmithe Reachtaíochta, eagraithe sa chaoi céanna, chun é a ionchuimsiú leis an Eolaire Reachtaíochta nua. Tar éis na hoibre sin, d'fhoilsigh an Coimisiún leagan bunachair sonraí den Liosta Aicmithe in Eanáir 2020.
- In 2019, le tacaíocht ó Oifig an Ard-Aighne, chuir an Coimisiún tús le hobair ar an gcuid fágtha den Chlár Athchóirithe Dlí Reachta roimh 1922 (SLRP) chun a shonrú cén ionstraimí tánaisteacha ó 1821 go dtí 1922 a fhanann i bhfeidhm. Is aidhm leis an gCoimisiún an obair thaighde seo a chríochnú in 2022 comhtharlaithe le céad bliain an Stáit.

## FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún bunaithe ag *Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* a iarrann ón gCoimisiún an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus taighde a dhéanamh ar mhaithe le athchóirithe an dlí. Tugtar sainmhíniú ar an athchóiriú Dlí le:

- Forbairt dlí
- A chódú (lena n-áirítear simpliú agus nuachóiriú)
- Athbhreithniú agus comhdhlúthú dlí reachtaigh

Óna bhunaíocht, d'fhoilsigh an Coimisiún os cionn 200 cáipéis (Páipéir Buncheisteanna, Páipéir Comhairleoireachta, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina bhfuil tairiscintí ar athchóiriú dlí. Tá liosta iomlán foilseacháin an Choimisiúin ar fáil ag a shuíomh gréasáin ar www.lawreform.ieina bhfuil gach foilseacháin ar fáil le íoslódáil saor in aisce.

**Cláir Athchóirithe Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne**

Tosaíonn obair an Choimisiúin ar athchóiriú dlí ó 2 fhoinse:

- Cláir Athchóirithe Dlí ullmhaithe ag an gCoimisiún agus comhaontaithe ag an Rialtas agus curtha os comhair Thithe an Oireachtais agus
- Iarratais ón Ard-Aighne maidir le hábhair ar leith.

Óna bhunaíocht in 1975, d'oibrigh an Coimisiún faoi réir cúig Chlár Athchóirithe Dlí. Fuair 5ú Chlár Athchóirithe Dlí an Choimisiúin faomhadh ón Rialtas ar an 20ú Márta 2019 gan mhodhnú. Pléitear forbairtí le linn 2019 maidir le obair athchóirithe dlí an Choimisiúin, lena n-áirítear faomhadh an 5ú Chláir, go mionsonraithe i gCaibidil 2.

**Rochtain ar Reachtaíocht**

Baineann obair an Choimisiúin freisin le reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Pléitear forbairtí le linn 2019 in obair ar Rochtain ar an Reachtaíocht i gCaibidil 3.

---

## RÁITEAS STRAITÉISEACH 2018-2020

---

Tugann *Ráiteas Straitéiseach 2018-2020* an Choimisiúin, ar fáil ag www.lawreform.ie, creatlach d'obair an Choimisiúin sa tréimhse 3 bhliana clúdaithe. Léiríonn an Ráiteas Straitéiseach léargas an Choimisiúin ar cad is gá a dhéanamh chun a dheonachán d'athchóiriú dlí a uasmhéadú agus chun a chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht ar éifeachtacht optamach agus baineann sé an úsáid is fearr as acmhainní atá ar fáil. Is mar a leanas Ráiteas Misin an Choimisiúin: "An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus le saineolas, moltaí a dhéanamh dá réir i gcomhair athbhreithnithe an dlí agus chun an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine." Cosúil lena réamhtheachtaithe, leagann an Ráiteas Straitéiseach amach príomh-thosaíochtaí an Choimisiúin i gcomhair 2018-2020, lena n-áirítear freagrachtaí soiléir agus cuntasachtaí chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach.

**Príomh-aidhmeanna an Ráitis Straitéisigh**

Aithníonn *Ráiteas Straitéiseach 2018-2020* 3 Aidhm Tábhachtach. Is iad sin:

*Aidhm Tábhachtach 1: Athchóiriú Dlí*
*Athbhreithniú a thabhairt ar an ndlí agus taighde a dhéanamh ar mhaithe le dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a nua-aoisiú agus a chódú.*

*Aidhm Tábhachtach 2: Rochtain ar Reachtaíocht*
*Reachtaíocht a dhéanamh ina staid reatha inrochtana go héasca ar líne don phobal, de réir leasaithe seachas achtaithe, agus faisnéis a bhaineann leis a chur ar fáil.*

*Aidhm Tábhachtach 3: Riarachán*
*Seirbhísí riaracháin corparáidigh atá éifeachtach, nua-aoiseach agus gairmiúla a sholáthar don Choimisiún chun tacú leis a aidhmeanna a bhaint amach.*

Leanann an Tuarascáil Bliantúil seo seicheamh na Príomh-aidhmeanna sin.

---

## MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLEOIREACHTA

---

Bunaítear obair an Choimisiúin ar thaighde cúramach críochnúil. Tuigeann an Coimisiún go hiomlán an tábhacht le cinntiú go bhfuil tairiscintí chun athchóirithe bunaithe ar chleachta. Le linn ullmhúchán na dtairiscintí, déantar comhairleoireachtaí le páirtithe leasmhara lena n-áirítear cleachtóirí dlí, gairmithe ábhartha eile, comhlachtaí ionadaithe agus NGOs, polaiteoirí agus baill an Rialtais agus Ranna is Oifigí an Rialtais, agus baill an phobail ar mian leo

idirghníomhú leis an gCoimisiún. Glactar roghanna agus taithí na dteagmhálacha sin san áireamh i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

**Modheolaíocht**
Chun na aidhmeanna leagtha amach ina gCláir Athchóirithe Dlí agus iarratais ón Ard-Aighne, sanntar gach tionscnamh chuig taighdeoirí a oibríonn faoi stiúir ginearálta an Stiúrthóra Taighde agus, ó 2018, an Leas-Stiúrthóir Taighde. I gcás oibre Rochtana ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi stiúir Bainisteora Rochtana ar Reachtaíocht agus Leas-Bhainisteoirí.

Déanann an Coimisiún agus tugann sé athbhreithniú ar an obair sin de réir a Phlean Gnó bliantúil.

Tá **an próiseas comhairleoireachta, lena n-áirítear comhráite comhstádais agus Comhairleoireacht chomhdhála bhliantúil** lárnach d'obair an Choimisiúin. Is féidir leis sin go leor modhanna a ghlacadh, mar shampla cruinnithe le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn in earnáil ar leith, nó ionadaithe grúpaí leasmhara. Ullmhaíonn an Coimisiún freisin agus foilsíonn sé cáipéisí chomhairleoireochta (go leor amanna ó 1975 le tagairt dóibh mar Pháipéir Oibre, Páipéir Comhairleoireachta agus Páipéir Buncheisteanna). Tugann siad sin próiseas struchtúrtha, a ndéantar iarratais i scríbhinn a lorg tríothu ó pháirtithe leasmhara. Glactar na iarratais san áireamh i ndréacht an Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus déileáiltear le aon cheisteanna nó buairtí atá acu sa Tuarascáil. Sula ndéantar dréacht ar an Tuarascáil, is minic a reachtáiltear seiminéar, a dtugann an Coimisiún cuireadh chuige do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad sin a sheol iarratais.

Ar an 16 Iúil 2019, reachtáil an Coimisiún comhrá comhstádais le páirtithe leasmhara i gceangal le tionscnaimh an Choimisiúin maidir le díspeagadh cúirte (4ú Chlár, Tionscadal 4). Tabharfaidh an plé sin cúnamh suntasach don Choimisiún chun a mholtaí a fhorbairt i gcomhair athchóirithe sna Tuarascálacha a eascróidh as tionscnaimh an Choimisiúin.

Phléigh Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin, reachtáilte i mBaile Átha Cliath ar an 13 Samhain 2019, dhá théama, teicneolaíocht agus príobháideacht san aois dhigiteach (arbh é sin Tionscadal 3 i gCúigiú Chlár an Choimisiúin Athchóirithe Dlí) agus Dlí um athchóiriú coireanna gnéis (arbh é sin Tionscadal 5 sa Chúigiú Chlár, agus a bhí ina shuibiacht ar fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil ar Fheasacht nó Creideamh Maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe air). Bhí an comhdháil oscailte ag Uachtarán an Choimisiúin, An Breitheamh Onórach Laffoy. Bhí an chéad téama tugtha le fios ag John Danaher, Leachtóir Sinsearach i nDlí in OÉ Gaillimh, agus Moyagh Murdock, CEO leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí an dara théama ag Noeline Blackwell, CEO le hIonad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus Coimisinéir O'Malley. Tá na óráidí agus cur i láthair ar fad ar fáil i suíomh gréasáin an Choimisiúin.

Áirítear leis an gCoimisiún dréacht ar Bhille i ngach Tuarascáil ina dhéanann sé moltaí ag iarraidh athruithe reachtacha i gcomhréir lena réim reachtúil faoi réir an Achta 1975 chun reachtaíocht a chuimsiú ina mholann sé athchóiriú ar an ndlí.

Téann an Coimisiún freisin i gcomhairle le páirtithe leasmhara i gceangal lena obair taighde ar Rochtain ar Reachtaíocht, lena n-áirítear Oifig an Ard-Aighne, Ranna an Rialtais, an proifisiún dlíthiúil agus an pobal ginearálta. Glacann an Coimisiún ról gníomhach in obair an Ghrúpa e-Reachtaíocht faoi choimirce Ranna an Taoisigh agus forbairt leanúnach Leabhair na Reachtaíochta (eISB).

Chun inrochtaineacht a éascú, tá gach foilseachán athchóirithe dlí an Choimisiúin ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus tá ár n-obair ar Rochtain ar Reachtaíocht ar fáil i suíomh gréasáin eISB agus suíomh gréasáin an Choimisiúin.

**Cumarsáid le Ranna an Rialtais**

Déanann an Coimisiún cumarsáid go rialta le Ranna ábhartha an Rialtais agus tionscnaimh reatha agus don todhchaí araon. Cloíonn an Coimisiún freisin gach bliain le oifigigh sinsearacha sa Roinn Comhionannais agus Ceartais chun forbairtí athbhreithniú agus plé a thabhairt ar fhorbairtí athchóirithe dlí spéise choiteann, i ndlí coiriúil agus sibhialta araon. In 2019, tharla an cruinniu sin ar an 16 Bealtaine 2019, óstáilte ag an gCoimisiún ina oifigí.

**Cruinnithe leis an Ard-Aighne agus Coiste Comhairleach**

Is eagraíocht é an Coimisiún laistigh réime, i gcomhréir le *Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975,* leis an Ard-Aighne. Ar an 20 Samhain 2019, chas an cúigear bhall ón Choimisiún agus foireann sinsearach leis an Ard-Aighne agus oifigigh sinsearacha ag oifigí an Ard-Aighne. Thug an cruinniu sin deis struchtúrtha tábhachtach dóibh chun plé leis an Ard-Aighne agus a oifigigh maidir le clár oibre reatha an Choimisiúin. Chuir sé béim freisin ar an gcaidream oibre idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne, i gcomhréir le neamhspleáchas an Choimisiúin ina fheidhmeanna faoi réir an Achta 1975.

Leis sin, déanann Coiste Comhairleoireachta an Ard-Aighne feidhmeanna tábhachtacha a chuidíonn i bhforbairt Cláracha Athchóirithe Dlí an Choimisiúin. Comhdhéanann an Coiste ionadaithe ó Ranna an Rialtais, Comhairle Barra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann agus Oifig an Ard-Aighne. Ar an 25ú Iúil 2018, chas an Coimisiún leis an gCoiste chun an 15 tionscnamh ar dhréacht an 5ú Chlár Athchóirithe Dlí a d’ullmhaigh an Coimisiún. D’éascaigh sé sin go mór an smaointeoireacht ag an Rialtas ar dhréacht an Chláir, agus a fhaomhadh gan leasuithe ar an 20ú Márta 2019.

**Cruinnithe leis agus aighneachtaí chuig Coistí an Oireachtais**

Reachtaíonn an Coimisiún cruinnithe tréimhsiúla le Coistí an Oireachtais chun obair an Choimisiúin a phlé. Ar an 26ú Feabhra 2019, phléigh Uachtarán an Choimisiúin an Breitheamh Onórach Laffey, Coimisinéar Byrne agus Coimisinéar O’Malley *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha (LRC 119-2018)* an Choimisiúin le Comh-choiste an Oireachtais ar Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach mar chuid d’athbhreithniú an Choiste ar rialachas corparáideach agus cuntasacht san earnáil baincéireachta 5 Ar an 2 Aibreáin 2019, phléigh Uachtarán an Choimisiúin an Breitheamh Onórach Laffoy agus Coimisinéar Byrne freisin an Tuarascáil 2018 le Comh-choiste an Oireachtais ar Ghnó, Fiontar agus Nuálaíocht mar chuid den imscrúdu réamh-reachtaíochta an Choiste ar *Bhille Scéime Ghinearálta na gComhlachtaí (Údarás Forfheidhmithe Corparáideach) 2018.*

Ar an 28 Márta 2019 rinne an Coimisiún aighneacht i scríbhinn freisin chuig Comh-choiste an Oireachtais ar Shláinte mar chuid d’imscrúdú mionsonraithe an Choiste (an abairt in úsáid in Orduithe Seasta an Oireachtais i gceangal le Billí na mBall Príobháidigh}

---

[5] Tá an t-ábhar ábhartha don chruinniu agus clúdach timpeall ar fáil ag https://www.lawreform.ie/news/finance-committee-discusses-lrc-report-on-regulatory-powers-and-corporate-offences-with-members-of-the-commission.841.html .

6 Tá an cruinniu ar fáil ag https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/debateRecord/joint committee on business enterprise and inn ovation/2019-04-02/debate/mul@/main.pd.f

Leis an *mBille Meabhairshláinte (Leasú) 2016* Phléigh an aighneacht an caidreamh idir Bille 2016 agus *Tuarascáil* an Choimisiúin ar *Pháistí agus an Dlí: Cóireáil Liachta* (LRC 103-2011), lena n-áirítear tairiscintí chun athchóiriú a chur ar an *Acht Meabhairshláinte 2001.*

**Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmhálacha sna meáin**
Freastalaíonn Coimisinéirí agus foireann taighde go rialta agus glacann siad páirt i seiminéir agus comhdhálacha poiblí.

Ar an 9 Feabhra 2019, rinne Uachtarán an Choimisiúin an Breitheamh Onórach Laffey Cur i Láthair Cuimhneacháin Brian Lenihan 2019 i gColáiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, ar théama ról an Choimisiúin. Déantar Cur i Láthair Cuimhneacháin Brian Lenihan a reachtáil go bliantúil agus marcálann sé cúnamh substainteach Brian Lenihan (1959-2011) do shaol poiblí na hÉireann chomh maith lena cheangal fadseasmhach le Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide mar mhac léinn, scoláire agus níos déanaí leachtóir.7

Ar an 19 Mheán Fómhair 2019, thug Coimisinéar Byrne cur i láthair maidir le tionscadal an Choimisiúin ar thógáil éigeantach talún (4ú Chlár, Tionscadal 8) ag seiminéar i mBaile Átha Cliath eagraithe ag údaráis áitiúla.

Bíonn teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí agus comhlachtaí coibhéiseacha i ndlínsí eile coinneáilte freisin ag freastal ar sheiminéir ábhartha agus le cuairteanna óstála ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile.

Ar an 4 Mheán Fómhair 2019, d’óstáil an Coimisiún toscaireacht ón Pharlaimint Seiceach agus an tAire Ceartais chun forbairtí a phlé i bpróisis athchóirithe dlí in Éirinn agus Poblacht na Seice.

Ar an 15ú Dheireadh Fómhair, d’óstáil an Coimisiún toscaireacht ó Choimisiún Dlí Uganda, comhdhéanta le Mr Kenneth Rotaremwa, Oifigeach Dlí Sinsearach agus Ms Sheila Lamuno, Oifigeach Dlí, a thug faisnéis úsáideach maidir le feidhmeanna an dá Choimisiún.

Ar an 17 agus 18 Dheireadh Fómhair 2019, d’fhreastal Uachtarán an Choimisiúin, An Breitheamh Onórach Laffey, agus Coimisinéar Byrne ar an gcruinniu bliantúil leis an gceithre Choimisiún Dlí comharsanachta Shasana agus na Breataine Bige, na hAlbain, Gheirsí agus na hÉireann faoi seach. Ceadaíonn na cruinnithe bliantúla sin malartú dearcthaí ar fhorbairtí in athchóiriú dlí, lena n-áirítear modheolaíocht, chomh maith le naisc tábhachtacha a choinneáil idir na comhlachtaí. Ba théama le cruinniu 2019, reachtáilte i Londan, ná luach straitéiseach agus eacnamaíoch athchóirithe dlí, agus thug sé deis don cheithre Choimisiún luach dearfach dá gcuid sochaí ó obair na gcoimisiún dlí a phlé, chomh maith leis an gá le cinntiú go bhfanann siad ábhartha sa todhchaí. Ghlac an Breitheamh Onórach Laffey agus Coimisinéar Byrne freisin leis an gcuireadh ó Choimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige chun freastal ar sheisiún ar an 17 Dheireadh Fómhair lena chomhdháil (eagraithe ag Oifig Chomhairle na Parlaiminte don Rialtas UK) maidir le todhchaí an dlí agus na reachtaíochta, rud atá ábhartha go díreach do thionscadal an Choimisiúin maidir le Inrochtaineacht agus Comhdhlúthú Reachtaíochta sa Dhigiteach (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscadal 11).

Go ginearálta, gníomhaíonn Coimisinéirí le róil comhordaithe i dtionscnaimh sonracha agus Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe na meán don Choimisiún.

---

7 Tá an léacht ar fáil ag https://www.lawreform.ie/news/2019-brian-lenihan-memorial-address-delivered-by-the-president.852.html.

Tá rogha ócáidí an Choimisiúin ag Aguisín 2, lena n-áirítear seoltaí foilseacháin, seimineir agus cruinnithe á n-óstáil ag an gCoimisiún agus seimineir ina d'fhreastail an fhoireann in 2019.

## CAIBIDIL 2
## ATHCHÓIRIÚ DLÍ: OBAIR AR CHLÁRACHA ATHCHÓIRITHE DLÍ AGUS IARRATAIS ATURNAE; AGUS REACHTAÍOCHT A CHUR I bhFEIDHM

FORLÉARGAS

***(1) Foilseacháin athchóirithe dlí in 2019 agus faomhadh an Rialtais don 5ú Chlár*** Le linn 2019, rinne an Coimisiún go leor dul chun cinn ar gach ceann de na tionscnaimh fágtha sa 4ú Chlár Athchóirithe Dlí. As an 11 tionscadal sa 4ú Chlár, bhí dhá cheann sáraithe ag forbairtí ó chríochnaíodh an Clár in 2013.4 Ar an 20ú Márta 2019, d'fhaomhaidh an Rialtas 5ú Chlár an Choimisiúin Athchóirithe Dlí, ina bhfuil 15 tionscadal. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún tús leis an obair ar go leor de na tionscadail sin, agus d'fhoilsigh sé Páipéir Buncheisteanna ar dhá cheann dóibh sin roimh dheireadh na bliana. Le linn 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin a Thuarascálacha deiridh a bhain le 2 iarratas ón Ard-Aighne.

In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún na Tuarascálacha agus Páipéir Buncheisteanna a leanas:

- *Tuarascáil ar an gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* (LRC 120-2019). Ullmhaíodh an Cúigiú Chlár ag an gCoimisiún i ndiaidh comhairleoireacht agus plé phoiblí leathan, ina bhfuair an Coimisiún 77 aighneachtaí i scríbhinn agus d'eagraigh sé plé le NGO, grúpaí ionadaithe, Ranna an Rialtais agus Comh-choiste an Oireachtais ar Cheartas, Comhionannas agus Cosaint. I ndiaidh an phróisis comhairleoireachta sin, i gcomhréir leis an Acht 1975, bhí an Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí faofa ag an Rialtas ar an 20 Márta 2019 gan mhodhnú. Sa Tuarascáil seo is féidir teacht ar achoimre le gach ceann de na 15 tionscadal sa Chlár, in éineacht le cur síos ar an bpróiseas comhairleoireachta agus na prionsabail treoraithe curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún i rogha na dtionscadal.
- *Tuarascáil ar Phribhléid le Imeachtaí Cúirte faoi réir Achta Clúmhillte 2009* (LRC 121-2019). Bhí an Tuarascáil sin mar fhreagra le iarratas ón Ard-Aighne faoi réir coda 4(2)(c) *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* chun a mheas ar chóir athruithe a dhéanamh leis an *Acht um Chlúmhilleadh 2009* a dhéileálann le pribhléid do thuarascálacha ar imeachtaí cúirte. Molann an Tuarascáil seo gur chóir an pribhléid iomlán i gcuid 17 an Achta 2009 a choinneáil agus gur chóir é a leasú chun é a sholáthar, ag sonrú an bhfuil tuarascáil ar imeachtaí na cúirte "cóir agus cruinn", ní mór gach cúinsí an cháis a ghlacadh san áireamh, lena n-áirítear liosta neamhiomlán de chúig fhachtóir a d'eascraigh ón dlí cás.
- *Tuarascáil ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe* (LRC 122-2019). Ba é sin an dara Tuarascáil foilsithe in 2019 a d'eascraigh ó iarratas don Choimisiún ag an Ard-Aighne faoi réir an Achta 1975, a bhain le imscrúdú ar chóir athchóiriú a dhéanamh ar an eilimint feasachta nó creidimh i sainmhíniú éignithe i gcuid 2 *Achta Dlí Coiriúil (Éigniú) 1081* de réir leasaithe. Mhol an Tuarascáil gur chóir an scrúdú suibiachtúil príomha i gcuid 2 den Acht 1981 a athchur le tástáil oibiachtúil príomha.
- *Páipéar Buncheisteanna ar Dhamáistí a Uasteorannú i nGníomhartha Ghortuithe Pearsanta* (LRC IP 17-2019). Tá an Páipéar Buncheisteanna sin i dtionscadal atá mar chuid de *Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an Choimisiúin, agus baineann sé imscrúdú an mbeadh sé incheadaithe sa bhunreacht reachtaíocht a achtú le uasteorainn ar na damáistí ginearálta i

---

8 Ó bhí 2013 ann, bhí dhá thionscadal glactha ag *Acht Dhlí Coiriúil (Coireanna Gnéis) 2017* (tionscadal 3) agus achtú an *Achta Pleanála (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Tithíochta 2016* (tionscadal 9). Chun dúbailt gan iarradh a chosc, ní idirghníomhaíonn an Coimisiún ar thionscadal nuair atá comhlacht eile ag obair go gníomhach ann san earnáil.

ngníomhartha ghortuithe pearsanta. Phléigh an Páipéar forbairtí ábhartha sa dlí ar dhamáistí ginearálta agus cearta bunreachtúla ábhartha mar aon le scrúduithe bunreachtúlachta. D'iarr an Páipéar ar chomhairlithe ceithre samhail reachtaíochta féideartha a chur san áireamh i gcomhair uasteorannaithe ar dhamáistí ginearálta. Tá ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú ar an tionscnamh roimh dheireadh 2020.

- *Páipéar Buncheisteanna ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta* (LRC IP 18-2019). Tá an Páipéar Buncheisteanna seo ar thionscadal freisin a chomhdhéanann *Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an Choimisiúin. Luann an Páipéar Buncheisteanna go bhfuil comhaontú forleathan maidir leis an gá chun creat reachtúil a dhéanamh um chosaint daoine fásta, a rachfadh i ngleic le rioscaí mí-úsáide fisicigh, síceolaíoch agus airgeadais. Dá bhrí sin, breathnaíonn an Páipéar Buncheisteanna ar an gcruth ar féidir teacht ar an gcreart rialála sin, ag tógáil ar shocrúcháin reatha agus polasaí comhuaineach agus forbairtí reachtaíochta. Molann an Páipéar bunphrionsabail treoraíochta le gréasán rialála le haghaidh cosanta daoine fásta agus is aidhm leis tuairimí an phobail a lorg ar 11 príomh-cheisteanna a d'eascraigh sa tionscadal sin.

### *(2) Cur i bhfeidhm tuarascálacha an Choimisiúin in 2019*

Cuirtear an chuid is mó Tuarascálacha an Choimisiúin i bhfeidhm trí reachtaíocht curtha chun cinn ag an Rialtas. Ó am go ham, bíonn Billí an Bhaill Príobháidigh (PMB) foilsithe ar mhaithe le le dréacht ar Bhillí a chur i bhfeidhm ar Thuarascálacha an Choimisiúin. Nuair a léiríonn an Rialtas gur aidhm leis Bille a fhoilsiú ar an ábhar, ní leanann PMB ar aghaidh de ghnáth tar éis an Dara Staid. Go hailtéarnach, ie féidir leis an Rialtas a thacaíocht ghinearálta a léiriú do PMB agus ansin is féidir leis an mBille dul ar aghaidh trí staideanna eile go dtí achtú. In 2019, bhí dhá Thuarascáil an Choimisiúin bainteach le PMB achtaithe le tacaíocht ón Rialtas, an *Bille Dhlí Sibhialta (toimhde an bháis) 2016* achtaithe mar *Acht Dhlí Sibhialta (toimhde an bháis) 2019* agus *Bille Conarthaí Árachais Custaiméirí 2017* achtaithe mar *Achtanna Conarthaí Árachais Custaiméirí 2019*[9].

Chomh maith leis, bhain an reachtaíocht a leanas, achtaithe nó faoi bhreithniúchán in 2019, le cur i bhfeidhm na moltaí déanta i dTuarascálacha an Choimisiúin: *Bille Meabhairshláinte (Leasú) 2016* (PMB le tacaíocht an Rialtais); *Bille um Chiapadh, Cumarsáidí Dhíobhálacha agus Coireanna Gaolmhara 2017* (PMB le tacaíocht an Rialtais); agus *Bille Dliteanais Sibhialta (Leasú) (Cosc ar Leasanna ó Dhúnmharú) 2017* (PMB le tacaíocht an Rialtais).

D'fhoilsigh an Rialtas freisin go leor Scéimeanna Billí (nó Cinn Billí) a bhain le moltaí an Choimisiúin. Áirítear leo sin: Scéim *Bhille Ceartais Coiriúla (Smachtbhannaí Pobail*, Scéim *Bhille Tiarna Talún agus Tionónta*, Scéim *Bhille Nós Imeachta Coiriúil,* agus Scéim *Bhille Dlí Cúirteanna agus Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)* agus an Scéim Ghinearálta le *Bille Sábháilteachta Ar Líne agus Rialacháin do na Meáin.*

Áirítear le suíomh gréasáin www.lawreform.ie an Choimisiúin Tábla Chur i bhFeidhm le forléargas ginearálta ar chur i bhfeidhm Tuarascálacha an Choimisiúin, nuashonraithe ar bhonn rialta.

---

9 le blianta beaga anuas, d'eascraigh go leor Billí Bhaill Príobháidigh (PMB) i reachtaíocht achtaithe. Roimh achtú an *Achta Meabhairshláinte (Leasú) 2018,* an *Achta Dhlí Sibhialta (Toimhde an Bháis) 2019* agus *Achta Conarthaí Árachais Custaiméirí 2019,* ba iad na PMBs ba dhéanaí a bhain le Tuarascálacha an Choimisiúin a bhí achtaithe ná *Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú Teaghlaigh 1989 agus Acht Uchtaithe 1991.*

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi réir an t-ocht gceannlítir ginearálta a leanas:

1. Cúigiú Chlár Athchóirithe Dlí.
2. Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála.
3. Dlí san Aois Dhigiteach.
4. Dlí agus Nós Imeachta Cóiriúil.
5. Dlí Sibhialta agus Tráchtála.
6. Dlí Talún, Comharbas agus Trustaí.
7. Seirbhísí Sláinte.
8. Dlí Idirnáisiúnta.

**1. CÚIGIÚ CHLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ**

De réir luaite thuas, tá achoimre ag an *Tuarascáil ar an gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí (LRC 120-2019)* le gach ceann de na 15 tionscadal sa Chlár, in éineacht le cur síos ar an bpróiseas comhairleoireachta agus na prionsabail treoraithe curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún i rogha na dtionscadal.

Is iad an 15 tionscadal sa Chúigiú Chlár ná:

1. Athchóiriú ar Chomhlachtaí Breithnithe Neamh-Chúirte agus Achomhairc ar Chúirteanna;
2. Creat Rialála um Chosaint Daoine Fásta;
3. Príobháideacht agus Teicneolaíocht sa Ré Digiteach;
4. Pianbhreith Struchtúrtha;
5. Athbhreithniú agus Comhdhlúthú an Dlí ar Chionta Gnéis;
6. Mionnú Éithigh;
7. Cúiteamh d'Íospartaigh Coiriúla;
8. Rialachán ar Choinneáil leis na Gardaí;
9. Uasteorannú ar Dhamáistí i nDlíthíocht Ghortuithe Pearsanta;
10. Orduithe Costais Cosanta;
11. Dliteanas na nÓstán agus Gnólachtaí Gaolmhara;
12. Dliteanas le Comhlachais Neamhchorpraithe;
13. Gnéithe Dhlí Fianaise;
14. Gnéithe Dhlí Teaghlaigh;
15. Gnéithe Dhlí Talún agus Tíolactha.

Thosaigh an Coimisiún obair ar go leor de na tionscadail sin le linn 2019.

**2. CÚIRTEANNA, DLÍ POIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ RIALÁLA 2.(a) Creat**

**Rialála um Chosaint Daoine Fásta**

Chríochnaigh an Coimisiún obair i mí na Nollag 2019 ar a *Pháipéar Buncheisteanna ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta (LRC IP 18-2019),* foilsithe in Eanáir 2020, agus tá sé ag obair ar thionscadal atá mar chuid de *Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an Choimisiúin (Tionscadal 2). Luann an Páipéar Buncheisteanna go bhfuil comhaontú forleathan maidir leis an gá chun creat reachtúil a dhéanamh um chosaint daoine fásta, a rachfadh i ngleic le rioscaí mí-úsáide fisicigh, síceolaíoch agus airgeadais. Dá bhrí sin, breathnaíonn an Páipéar Buncheisteanna ar an gcruth ar féidir teacht ar an gcreart rialála sin, ag tógáil ar shocrúcháin reatha agus polasaí comhuaineach agus forbairtí reachtaíochta. Léiríonn an Páipéar gur chóir do phríomh-eilimintí chreata rialála um chosaint daoine fásta:

- A bheith bunaithe ar chearta, ag cinntiú cothromaíochta chuí idir cumhachtú agus cosaint;
- A bheith dírithe ar chosc, agus cosaint in aghaidh gach cineál mí-úsáide, lena n-áirítear fisiceach, síceolaíoch agus airgeadais; agus
- Cultúr ardchaighdeáin iompair a chur chun cinn, a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú go gníomhach.

Ansin rinne an Páipéar Buncheisteanna dearcthaí a lorg ón bpobal ar 11 príomh-cheisteanna a d'eascraigh sa tionscadal sin. Beidh an Coimisiún ag idirghníomhú le comhairlithe ar an tionscadal seo le aidhm chun Tuarascáil a fhoilsiú in 2021.

**2.(B) Athchóiriú ar Chomhlachtaí Breithnithe Neamh-Chúirte agus Achomhairc ar Chúirteanna**
In 2019, thosaigh an Coimisiún obair ar Thionscadal 1 sa Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí, a bhaineann le measúnú ar an gcaidreamh idir comhlachtaí breithniúcháin agus na cúirteanna. Ar nós le go leor dlínsí, tá sraith comhlachtaí gar-bhreithiúnach mór go leor in Éirinn, de ghnáth de réir reachtaíochta, chun ceisteanna agus díospóidí a bhreithniú i réimsí áirithe. Áirítear leo sin An Bord Pleanála, Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta, Bord Tionóntachtaí Tithíochta agus Oifig Achomhairc Leasa Sóisialta. Ní féidir flúirse na gcomhlachtaí breithniúcháin sin sa staid riaracháin nua-aoiseach, ach d'fhás siad thar go leor deich blianta ar bhonn cás-ar-chás, gan aon chur chuige caighdeánach d'ábhair nós imeachta nó a gcaidreamh leis na cúirteanna, lena n-áirítear trí mheán achomhairc nó athbhreithnithe.

Luaigh an Coimisiún ina *Thuarascáil ar Ghnéithe Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe ar Dhlí Fianaise* na nósanna imeachta agus rialacha difriúla fianaise i measc comhlachtaí gar-bhreithniúnach. Chuir go leor aighneachtaí faighte le linn an phróisis comhairleoireachta i gcomhair an Chúigiú Chláir seo in iúil dúinn an iolracht mhór bealaí achomhairc ó na comhlachtaí sin, agus an mearbhall a chruthaíonn sé sin. D'fhéadfaí measúnú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le ábhair gaolmhara, amhail caighdeán fianaise le cur i bhfeidhm, agus rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil.

Dá bhrí sin, tabharfaidh an tionscadal seo measúnú ar an gcás ar son córais athchóirithe, lena n-áirítear an cur chuige d'ábhair fianaise agus simpliú ar na bealaí achomhairc do na cúirteanna ó na comhlachtaí sin. Tugann an Coimisiún faoi deara go raibh athchóirithe suntasacha achtaithe san UK in *Acht na mBinse, Cúirteanna agus Forfheidhmithe 2007.* Leagann an tAcht 2007 amach bunús singil d'achomhairc ó chomhlachtaí gar-bhreithiúnacha laistigh a scóipe, agus déanfaidh an tionscadal measúnú ar cé chomh fada a mbeidh sé sin ina shamhail athchóirithe úsáideach don dlínse sin. Tá an Coimisiún feasach gur féidir ceisteanna bunreachtúla eascrú ó ghnéithe eile an athchóirithe in Acht 2007 UK, go háirithe comhdhlúthú go leor comhlachtaí i struchtúr binse amháin le cumhachtaí agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha, in Éirinn faoi réir Airteagail 34 agus 37. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar na ceisteanna tábhachtacha sin le linn forbartha a thionscadail, agus déanfaidh sé athbhreithniú freisin ar athchóirithe ábhartha i ndlínsí eile lasmuigh de UK.

## 3. DLÍ SAN AOISDHIGITEACH

**3(A) Inrochtaineacht ar Reachtaíocht san Aois Dhigiteach**
In 2019, chríochnaigh an Coimisiún an chuid is mó dá dhréacht ar Thuarascáil chun leanúint óna *Pháipéar Buncheisteanna ar Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilseachán Ar Líne an Rialacháin* (LRC IP 11-2016) (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 11). I ndiaidh comhairleoireachta ar a thionscadal réimse leathain sa chéad chuid de 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil ar an tionscadal sin i Meán Fómhair 2020.

**3.(B) Príobháideacht agus Teicneolaíocht sa Ré Digiteach;**
Le linn Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin reachtáilte i Samhain 2019, bhí scóip leathan Tionscadail 3 sa Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí luaite. Baineann an tionscadal le gnéithe príobháideachta agus teicneolaíochta sa ré digiteach. I measc na n-eilimintí sa tionscal ar féidir measúnú a dhéanamh orthu: cén tionchar a bhí ag teicneolaíocht sa ré digiteach ar dhearcthaí traidisiúnta príobháideachta; agus an tionchar a d'imir teicneolaíocht ar dhlí nós imeachta nó substainteach, lena n-áirítear an tionchar ó fheithiclí neamhspleách ar dhlí tráchta náisiúnta agus dlí iompair idirnáisiúnta.

**3.(c) Cumarsáidí Díobhálacha agus Sábháilteacht Dhigiteach**
Is Bille Bhaill Príobháidigh é an *Bille um Chiapadh, Cumarsáidí Díobhálacha agus Coireanna Gaolmhara 12017* a tháinig ó na tairiscintí dlí coiriúil i *dTuarascáil ar Chumarsáidí Díobhálacha agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) (4ú Chlár Athchóirithe an Dlí, Tionscnamh 6). Le linn díospóireacht Dara Staid Dáil Éireann ar an mBille ar an 31ú Eanáir 2018, léirigh an Rialtas a intinn chun tacú leis an mBille, agus i ndiaidh dul tríd an Dara Staid, bhí sé tagartha chun smaointeoireachta an Roghchoiste. Ar an 1ú Bealtaine 2019, thug an Rialtas faomhadh leasuithe don Bhille. In 2018, d'fhógair an Rialtas freisin go mbeadh sé ag glacadh páirt i gcomhairleoireacht phoiblí (lena n-áirítear fóram poiblí ar an 8ú Márta 2018) ar bhunaíocht an Choimisinéir Sábháilteachta Ar Líne, a mhol Tuarascáil an Choimisinéara freisin. I Márta 2018, d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis chomhairleoireachta poiblí a leag amach tairiscintí ar rialachán inneachair díobhálaigh ar líne chun Bille Sábháilteachta Ar Líne a fhoilsiú. I mí Eanáir 2020, d'fhoilsigh an Rialtas Bille Scéime Ghinearálta um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialú Meáin, lena n-áirítear bunaíocht mholta Coimisinéir Sábháilteachta Ar líne.

## 4. DLÍ AGUS NÓS IMEACHTA COIRIÚIL 4.(a)

**Pianbhreithe ar Fionraí**
In 2019, lean an Coimisiún i bhforbairt Tuarascála chun leanúint óna *Pháipéar Buncheisteanna ar Phianbhreithe ar Fionraí* (LRC IP 12-2017) (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 5). I ndiaidh comhairleoireachta ar a thionscadal sa chéad chuid de 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún an diúscairt phianbhreithe tábhachtach sin i mí Lúnasa 2020.

**4.(b) Coireanna Gnéasacha: comhthoil agus creideamh macánta**
In 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe (LRC 122-2019),* i ndiaidh a *Pháipéar Buncheisteanna ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe (LRC IP 15-2018).* D'eascraigh an Tuarascáil ó iarratas ag an Ard-Aighne chuig an gCoimisiún déanta i gcomhréir le cuid 4(2) (c) le *Acht an Choimisiún Athchóirithe Dlí 1975* chun measúnú agus moltaí a dhéanamh ar chóir cinntí a dhéanamh ar an ngné sin le cuid 2 *Achta Dhlí Coiriúil (Éigniú) 1981* ag déileáil le feasacht nó creideamh i gcomhthoil. Rinneadh iarratas an Ard-Aighne i ndiaidh díospóireachtaí an Oireachtais ar *Acht Dhlí Coiriúil (Coireanna Gnéis) 2017* agus cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *The People (OPP) v* C.O'R[10] Mhol an Tuarascáil gur chóir an scrúdú suibiachtúil príomha i gcuid 2 den Acht 1981 a athchur le tástáil oibiachtúil príomha. Áirítear a leanas le moltaí sa Tuarascáil. Ar dtús, ba chóir fabht nó eilimint intinne coire éignithe i gcuid 2 an Achta 1981 a athchóiriú, ag cur leis go bhfuil éigniú ar siúil ag an bhfear, "muna gcreideann sé go réasúnta" le linn cairdimh collaí go raibh comhthoil na mná ann. Is

10 [2016) IESC 64, [2016) 3 IR 322.

tástáil oibiachtúil é sin, agus bheadh sé sa bhreis ar an dá chúinse reatha faoi réir an Achta 1981, is é sin, nuair a bhíonn a fhios ag an bhfear nach bhfuil comhthoil na mná aige nó má bhíonn sé meargánta go suibiachtúil ó thaobh a comhthola.

Mhol an Tuarascáil freisin, nuair a eascraíonn ceist an chreidimh réasúnaigh i dtrialach éignithe, gur chóir don giúiré aird a thabhairt ar liosta sonrach cúinsí bainteach le acmhainn pearsanta an chúisithe, agus na cúinsí sin amháin. Is iad sin: aon mhíchumas fisiceach, intinne nó intleachta an fhir, aon tinneas intinne aige, agus a aois agus aibíocht. Chuir an Tuarascáil béim ar an scéal é go mbeadh na fachtóirí sin ábhartha amháin nuair a léiríonn aon cheann acu go raibh easpa cumais ag an bhfear chun tuiscint a bhaint ó chomhthoil na mná. De bharr riachtanais chun na cúinsí sin a chur san áireamh, tagann eilimint shuibiachtúil ar an tástáil. Mhol an Coimisiún freisin, nuair a eascraíonn ceist an chreidimh réasúnaigh, ba chóir don ghiúiré aird a thabhairt ar na céimeanna, más ann dóibh, glactha ag an bhfear cúisithe chun tuiscint a fháil ar thug an bean comhthoil don chaidreamh collaí. Mhol an Coimisiún freisin gur chóir an dlí reatha a choinneáil ar an meisce féinspreagtha, agus dá bharr ní cosaint cuí ar chiontú éignithe é má chiallaíonn an meisce nach raibh cumas ag an bhfear ciall a bhaint as comhthoil na mná. Ar achoimre, baineann athchóirithe molta an Choimisiúin an tástáil atá suibiachtúil go háirithe faoi láthair a athchur le tástáil atá oibiachtúil go háirithe, ag tabhairt airde ar eilimintí suibiachtúla áirithe. Dá bharr, is tástáil measctha atá i gceist.

**4.(c) Athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí ar chionta gnéis**
I ndiaidh foilseacháin an *Tuarascála ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe,* pléite thuas, thosaigh an Coimisiún le scóip ar an obair ag deireadh 2019 ar Thionscadal 5 sa Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí, a mbaineann measúnú ar an ndlí reatha leis maidir le coireanna gnéis le aidhm chun an dlí a chomhdhlúthú. Phléigh an Coimisiún freisin an Tuarascáil 2019 agus scóip thionscadal an Chúigiú Chláir ag a Chomhdháil Bhliantúil reachtáilte i Samhain 2019.

Maidir le gnéithe sonracha an dlí, déanfaidh an Cúigiú Chlár measúnú:

- ar shainmhíniú éignithe;
- ar fhianaise stair;
- ar chóir polasaí gearáin déanta le déanaí a chur ar ceal;
- an rabhadh comhthacaíoch lánroghnach;
- anaithnideacht na ndaoine cúisithe i gcáis éignithe gnéis;
- ar chóir éisteacht le trialacha ar éigniú gnéis gan a bheith go poiblí;
- an ardráta tnáite i gcáis coireanna gnéis, agus ar féidir le athchóirithe nós imeachta agus eile tionchar a imirt air sin; agus
- ionadaíocht dhlíthiúil ar leithligh do ghearáin.

- Aithním agus tugaim measúnú ar na rioscaí míráitis ábhartha ar na ráitis airgeadais, i ngeall ar chalaois nó botún; déanaim dearadh agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta freagracha do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor é agus atá oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Bíonn riosca níos airde nach mbeidh míráiteas ábhartha aimsithe a d'eascraigh ó chalaois ná botún, toisc gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, míléirithe, nó sárú rialuithe inmheánacha bheith i gceist le calaois.
- Tuigim rialú inmheánach ar bhealach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach gan a bheith chun cuspóirí tuairim a léiriú maidir le éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Tugaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta in úsáid agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.

Tugaim conclúidí maidir le oiriúnacht na húsáide gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an iniúchadh agus fianaise faighte, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann d'eachtraí nó coinníollacha ar féidir leo amhras suntasach a chur maidir le cumas an Choimisiúin Athchóirithe Dlí chun

leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhíonn conclúid agam go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura

bhfuil na nochtuithe sin oiriúnach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. In aineoinn sin, d'fhéadfadh eachtraí nó coinníollacha a bheith mar chúis leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí scoir de bheith ina ghnóthas leantach.

- Thug mé measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar ginearálta na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus an léiríonn na ráitis airgeadais aon idirbhirt agus eachtraí ar bhealach a bhaineann léiriú cóir amach.

Téim i gcumarsáid leis na daoine freagrach as rialachas maidir le, i measc ábhair eile, **scóip phleanáilte** agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha i rialú inmheánach a aithnímh le linn m'iniúchta.

*Faisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais*

Ní chludaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile léirithe leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon saghas conclúid ráthaíochta ó shin ann.

I gceangal le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, iarrtar orm faoi réir an ISA an fhaisnéis eile léirithe a léamh agus, leis sin, breithiúnas a thabhairt an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó le feasacht faighte le linn an iniúchta, nó má tá an cuma ann ar bhealach eile gur míráiteas ábhartha é. Má thugaim conclúid, bunaithe ar an obair déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ar aon eolas eile sin, is gá dom an fíric sin a thuairisciú.

*Tuairisciú ar ábhair eile*

Rinneadh m'iniúchadh le tagairt ar bhreithniúcháin speisialta a cheanglaíonn le comhlachtaí an Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúchán. Déanaim tuairisciú má aithním ábhair a bhaineann leis an mbealach a raibh gnó poiblí déanta.

Is aidhm liom fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisciú má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí in úsáid chun na cuspóirí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhirt i gcomhréir leis na údaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisciú de réir éisceachta freisin mura bhfuair mé, i mo thuairim,

- an fhaisnéis agus miniúcháin go léir a theastaigh uaim don iniúchadh, nó
- mura leor na taifid cuntasaíochta chun a cheadú do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta ar bhealach réidh agus cuí, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntasaíochta.

**Tuarascáil an Ráitis Rialachais agus Bhaill an Choimisiúin**

## Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún Athchóirithe Dlí faoi réir Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach i gcuid 11 an Achta 1975. Tá an Coimisiúin cuntasach d'Oifig an Ard-Aighne, Roinn an Taoisigh agus an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé na tascanna sin ag socrú aidhmeanna agus targaid straitéiseacha ina Ráiteas Straitéiseach agus ag glacadh cinntí straitéiseacha i ngach cinntí tábhachtacha gnó. Is freagracht é bainistíocht laethúil, rialú agus treoir an Choimisiúin Athchóirithe Dlí leis an gCoimisinéir Lán-Aimseartha agus foireann Bainistíochta Sinsearach. Ní mór don Choimisinéir Lán-Aimseartha agus Foireann Bhainistíochta Sinsearaí treoir straitéiseach leathan leagtha amach ag an gCoimisiún a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball an Choimisiúin ar phríomh-ghníomhaíochtaí agus cinntí bainteach leis an eintiteas, agus aon rioscaí suntasach ar féidir a bheith ann. Gníomhaíonn an Coimisinéir Lán-Aimseartha mar idirchaidreamh idir an Coimisiún agus an Bainistíocht Shinsearach.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá obair agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach in Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975, a dhéanann cur síos ar na hábhair forchoimeádta go sonrach do chinntí an Choimisiúin. Áirítear i measc earraí seasta curtha san áireamh ag an gCoimisiún:

- Tuairiscí airgeadais agus cuntais bainistíochta;
- HR agus ábhair riaracháin eile;
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Stiúrthóir Taighde agus Leas-Stiúrthóir Taighde ar na tionscnaimh taighde i gCláir Athchóirithe Dlí an Choimisiúin (na Cláir sin, ar gá dóibh a bheith faofa ag an Rialtas faoi réir an Achta 1975, ina bhfuil liosta tionscnaimh athchóirithe dlí ina ndéanann an Coimisiún taighde, roimh fhoilseachán Pháipéir Buncheisteanna Comhairliúcháin agus ina dhiaidh sin, Tuarascálacha le moltaí d'athchóiriú dlí) agus ar iarratais ar leith déanta ag an Ard-Aighne;
- Athbhreithniú agus plé maidir le dréachtaí ar pháipéir ag baint le tionscnaimh taighde an Choimisiúin.

De réir coda 9 Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975 is riachtanach do bhaill an Choimisiúin go mbeidh gach cuntais airgid cuí agus gnách a bhí faighte agus caite acu coimeádta ar bhealach faofa ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach;
- Breithiúnas agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas mura cuí a mheas go leanfaidh sé in oibriúchán, agus;
- Caighdeáin cuntasaíochta leanta a lua nuair is gá, faoi réir aon imeachtaí nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Déanann an Coimisiún measúnú ar obair bhliantúil an chláir ag gach ceann dá chruinnithe míosúla, le athbhreithniú ar dhul chun cinn i ngach tionscnamh, measúnú ar bhealach sonrach go bliantúil, déanta ina chruinniu Lúnasa 2020, agus freisin nuair a thugann sé a athbhreithniú den Tuarascáil Bliantúil, i gcás an Tuarascála Bhliantúla 2019 ag a chruinniú i nDeireadh Fómhair.

Bíonn an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin, bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois a chosc agus a bhrath, mar aon le neamhrialtachtaí eile.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Choimisiúin Athchóirithe Dlí ag 31 Nollaig 2019.

**Struchtúr an Choimisiúin**

Comhdhéanann an Coimisiún a 5 bhall, is é sin, Uachtarán an Choimisiúin, an Coimisinéir Lán-Aimseartha agus 3 Choimisinéir Páirt-Aimseartha, gacn duine acu ceaptha ag an Rialtas i gcomhréir le Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975. Ceapadh an Coimisinéir Lán-Aimseartha in 2016 i ndiaidh Comórtais PAS/TLAC. Is féidir le baill an Choimisiúin a bheith ceaptha do thréimhse suas go dtí 5 bhliana. Casann an Coimisiún le chéile ar a laghad 10 n-uair sa bhliain. Tugann an tábla thíos mionsonraí
ar an tréimhse ceapacháin do bhaill an Choimisiúin in 2019:

| Ball an Choimisiúin | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| An Breitheamh Onórach Mary Laffoy | Uachtarán | 9ú Dheireadh Fómhair 2018 (ceaptha) |
| Mr Raymond Byrne | Coimisinéir Lán-Aimseartha | 16ú Aibreáin 2016 |
| Mr Tom O'Malley | Coimisinéir Páirt-Aimseartha | 1ú Mheán Fómhair 2015 (ath-cheaptha) |
| An tOllamh Donncha O'Connell | Coimisinéir Páirt-Aimseartha | 1ú Mheán Fómhair 2015 (ath-cheaptha) |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | Coimisinéir Páirt-Aimseartha | 1ú Mheán Fómhair 2015 |

**Coistí an Choimisiúin**

Déanann Coiste Iniúchta agus Riosca Inmheánach an Ard-Aighne, in idirchaidreamh dlúth leis an gCoimisiún, iniúchadh inmheánach agus feidhm riosca don Choimisiún. Ó am go ham, bunaíonn an Coimisiún coistí ad hoc agus/nó grúpaí oibre chun cuidiú ina thaighde; in 2019, níor bhunaigh an Coimisiún aon choiste dá leithéid sin.

**Sceideal Freastail, Táillí agus Costais**

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Choimisiúin do 2019 leagtha amach thíos lena n-áirítear táillí agus caiteachais faighte ag gach ball an Choimisiúin.

| Ainm an Choimisinéara | Líon na gcruinnithe freastalaithe | Tuarastal / Táillí | Caiteachais taistil do chruinnithe an Choimisiúin | Freastal ag comhdhálacha / léachtaí |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| **Uachtarán**<br>An Breitheamh Onórach Mary Laffoy | 11 | 49,008 | - | 441 |
| **An Coimisinéir (lán-aimseartha)**<br>Mr Raymond Byrne | 10 | 148,665 | - | 474 |
| **Coimisinéirí(páirt-aimseartha)**<br>Mr Tom O'Malley | 8 | - | 4,074 | - |
| An tOllamh Donncha O'Connell | 10 | - | 5,422 | - |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | 9 | - | - | - |

Tá tuarastal an Uachtaráin i gcomhréir le treoirlínte ábhartha an Rialtais. Tá tuarastal

an Choimisinéara lán-aimseartha ag Leibhéal Ard-Rúnaí Cúnta.

Ní fhaigheann na Coimisinéirí páirt-aimseartha aon tuarastail nó táillí faoi réir an pholasaithe Tuarastail Aon Duine (OPOS). Baineann Caiteachais Taistil do chruinnithe an Choimisiúin do Choimisinéirí páirt-aimseartha le taisteal lasmuigh Bhaile Átha Cliath.

**Nochtuithe Riachtanacha de réir Cóid Cleachtais chun Rialachais Comhlachtaí an Stáit (2016)**
Bíonn baill an Choimisiúin freagrach as a cinntiú gur chomhlíon an Coimisiún Athchóirithe Dlí le riachtanais Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit de réir foilsithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe a leanas riachtanacha de réir an Chóid.

**1) Costais Comhairleoireachta**

Áirítear le costais comhairleoireachta an costas le comhairleoireacht sheachtrach chuig an mbainistíocht agus cuirtear as an áireamh feidhmeanna "gnó mar is gnáth" seachfhoinsithe:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Styne House Financial Consultancy | - | 1,519 |
| 4Ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 10, Dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus Páipéar Plé | - | 11,000 |
| 4Ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 1-Cumhachta Rialála agus Coireanna Corparáideacha | - | 10,575 |
| Moltóireacht um Dhínit san Obair | | **18,427** |
| Leabhar Scríofa do 45ú Comóradh an Choimisiúin | 10,000 | |
| Comhairleoireacht ar Cheisteanna HR | 1,230 | |
| Achtanna Athbhreithnithe | **880** | |
| 4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Díspeagadh Cúirte | **3,420** | |
| **Iomlán** | **15,530** | **41,521** |

**2) Costais Dlíthiúla agus Comhréitigh**

Bhí comhréiteach €5,000 maidir le ábhar conartha íoctha i Feabhra 2019 ar chomhairle dlíthiúil gairmiúil.

**3) Caiteachas Taistil agus Maireachtála**

Cuirtear caiteachas taistil agus cothabhála i gcatagóirí mar a leanas:

| | | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Náisiúnta | An Coimisiún | 9,496 | 13,694 |
| | Fostaithe | 16 | 1,115 |
| | Eile | | 59 |
| Idirnáisiúnta | An Coimisiún | 915 | |
| | Fostaithe | 1,625 | 2,912 |
| | Eile | | |
| **Iomlán** | | **12,052** | **17,780** |

Eagraíodh eitiltí agus lóistín agus íocadh iad roimh ré don Aonad Seirbhísí Dlíthiúla agus Corparáideacha i gcomhréir le polasaí taistil an Rialtais, agus bhí aon chaiteachais eile gaolmhara íoctha le dearbháin. D'fhreastal baill agus foireann an Choimisiúin na comhdhálacha a leanas in 2019:

- Bournemouth: Comhdháil Bliantúil BIALL
- The Hague: Fóram Eorpach ar Irisí Dlíthiúla

**4) Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear le Cuntas Brabúis agus Caillteanais an caiteachas fáilteachais a leanas

| | **2019**<br>€ | **2018**<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | **2,486** | **2,068** |
| Fáilteachas Cliaint | **1,190** | **6,244** |
| **Iomlán** | **3,676** | **8,312** |

Áirítear le Fáilteachas Foirne deochanna do chruinnithe an Choimisiúin, boird agallaimh, cruinnithe ad hoc agus caiteachais cheaintín na foirne.

Baineann Fáilteachas Cliaint le caiteachas amháin maidir le óstáil cruinnithe comhairleoireachta poiblí, comhráite comhstádais comhairleoireachta agus seoltaí tuarascálacha.

**Ráiteas Comhréireachta**

Ghlac an Coimisiún Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhréireacht a chinntiú leis an gCód. Bhí an Coimisiún i gcomhréir go hiomlán leis an gCód Cleachtais do Chomhlachtaí an Stáit in 2019.

## Ráiteas um Rialú Inmheánaigh

### Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Choimisiúin, aithním an freagracht chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach á choinneáil agus á oibriú le haghaidh rialaithe inmheánaigh. Tugann an freagracht seo cuntas ar an riachtanas le haghaidh Cód Cleachta do Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingte, seachas é a dhíbirt go hiomlán. Is féidir leis an gcóras, mar sin, barántas réasúnach amháin, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go bhfuil na sóchmhainní ar cosaint, idirbhirt údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar botúin ábhartha nó neamhréireachtaí a chosc nó a bhraith ar bhonn tráthúla.

Tá an córas um rialú inmheánach, a chinneann rialachas eisithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún don bhliain dár gcríoch 31 Nollag 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Acmhainn chun Rioscaí a Láimhseáil

Tá freagracht ag Coiste Iniúchta agus Riosca an Ard-Aighne freisin as an gCoimisiún. Comhdhéanann an coiste Cathaoirleach, beirt bhall seachtrach, beirt bhall foirne ón AGO agus Oifigeach an Príomh-Aturnae Stáit le saineolas airgeadais agus iniúchta. Chas siad ceithre uair in 2019. D’fhreastal an Coimisinéar Lán-Aimseartha, Raymond Byrne agus Ceannaire Riaracháin, Bríd Rodgers, cruinniu amháin an Choiste Iniúchta Inmheánaigh le Oifig an Ard-Aighne i Márta 2019, ina raibh iniúchadh an Choimisiúin Athchóirithe Dlí pléite.

Is comhlacht earnála poiblí beag é an Coimisiún le 20 ball foirne agus níl Feidhm Iniúchta Inmheánaigh aige. De réir luaite thuas, bíonn feidhmeanna iniúchta inmheánaigh faoi réime an Choiste Iniúchta laistigh oifige an AGO (Oifig ceannais an Choimisiúin) a dhéanann athbhreithnithe ar bhonn débhliantúil.

D’fhorbair an Coimisiún polasaí bainistíochta rioscaí a leagann amach a lamháltas riosca, próisis bainistíochta rioscaí in oibriúchán, agus a thugann mionchuntas ar na róil agus freagrachtaí maidir le riosca.
Bhí an polasaí seo eisithe chuig an bhfoireann go léir, agus ba chóir dóibh oibriú laistigh polasaithe bainistíochta rioscaí an Choimisiúin chun foláireamh a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí le teacht agus leochaileachtaí rialaithe, agus freagrachtaí a ghlacadh i gcomhair rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat Rialaithe agus Riosca

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gCoimisiún a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí, agus glacann an bhainistíocht beartais chun na rioscaí sin a shárú agus, chomh mór agus is féidir, a mhaolú.

Tá taifead i bhfeidhm a aithníonn na príomh-rioscaí a bhfuil ag an gCoimisiún agus rinneadh aithint, measúnú agus grádú de réir ábharthachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an taifead ag Coiste Bainistíochta ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnaithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Tugann an taifead rioscaí mionshonraí ar na rialuithe agus beartais ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus sanann sé freagracht maidir le hoibriúcháin agus rialú sannta chuig foireann sinsearach sonraithe. Deimhním go bhfuil córas i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí a leanas:

• Bhí nósanna imeachta doiciméidithe ar gach gnáthamh ghnó tábhachtach.
• Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht cuí.
• Tá córas buiséidithe cuí le buiséad bliantúil á choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
• Tá córais a bhaineann le slándáil a chinntiú sna córais teicneolaíochta chumarsáide agus faisnéise.
• Tá córais i bhfeidhm chun sóchmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla i gcomhair monatóireachta ar phróisis rialaithe. Déantar cumarsáid maidir le fabhtaí rialaithe chuig bainisteoirí sinsearacha agus glacfaidh an Coimisiún freagracht as gníomhartha ceartaitheacha más cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha a leanas i bhfeidhm:

• Aithníodh príomh-rioscaí agus rialuithe gaolmhara. Cuireadh próisis in áit chun monatóireachta ar oibriúchán na rialuithe seo agus aon fhabht aitheanta a thuairisciú;

• Rinneadh beartais tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus

• Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta agus tuairiscí bhliantúla a thaispeánann feidhmíocht agus cúrsaí airgeadais i gcomparáid le buiséidí/réamhaisnéisí.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun comhréireacht a chinntiú le rialacha agus treoirlínte soláthair poiblí. Chomhlíon an Coimisiún na nósanna imeachta sin le linn 2019.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta in áit ag an gCoimisiún chun monatóireachta ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus gnáthaimh rialaithe. Faigheann athbhreithniú agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais an Choimisiúin comhairle ó obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bainistíocht shinsearach laistigh den Choimisiún freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh. Déanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh an Ard-Aighne athbhreithnithe ar bhonn débhliantúil.

**Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor aimsíodh aon laigí i rialú inmheánach maidir le 2019 a eascraíonn riachtanais chun na ráitis airgeadais a nochtadh.

**An Breitheamh Onórach**
**Mary Laffoy Uachtarán**

**Dáta**

An Coimisiún Athchóirithe Dlí

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte Bliain dár gcríoch 31 Nollag 2019

| | Nóta | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas an Oireachtais | 2 | 2,073,350 | 2,008,675 |
| Díolachán Foilseacháin | | | 210 |
| Eile | | 6,607 | 6,153 |
| Aistriú ó/ (go) Cuntas Caipitil | | (35,380) | 35,650 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 7(c) | 139,000 | 95,000 |
| | | 2,183,577 | 2,145,688 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 5 | 1,146,968 | 1,093,725 |
| Pinsin | 7(a) | 197,355 | 152,364 |
| IT | | 79,558 | 65,295 |
| Cíos agus táillí seirbhíse | | 299,555 | 297,479 |
| Solas agus Téamh | | 9,647 | 10,764 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil - Foirgnimh | | 7,453 | 4,253 |
| Árachas | | 3,295 | 3,463 |
| Guthán | | 12,098 | 10,654 |
| Stáiseanóireacht agus bainistíocht oifige | | 38,735 | 30,159 |
| Seiminéir | | 1,413 | 1,587 |
| Leabharlann | | 103,930 | 89,489 |
| Taisteal agus maireachtáil | | 12,052 | 17,780 |
| Glantachán | | 9,261 | 9,244 |
| Priontáil | | 8,964 | 20,892 |
| Postáil | | 2,439 | 1,829 |
| Dímheas | | 96,839 | 88,615 |
| Eile Caiteachais Oifige | | 828 | 707 |
| Luach airgid iniúchóirí | | 9,000 | 9,000 |
| Allamuigh | | 43,864 | 34,395 |
| Tacaíocht Chorparáideach | | 28,874 | 31,857 |
| Táillí gairmiúla | | 15,530 | 41,521 |
| Comhdháil Bhliantúil | | 6,811 | 4,220 |
| | | 2,134,469 | 2,019,292 |
| **Farasbarr/ (Easnamh) don Bhliain** | | 49,108 | 126,396 |
| Iarmhéid ar aghaidh ag 1 Eanáir 2019 | | 74,543 | (51,853) |
| Iarmhéid curtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2019 | | 123,651 | 74,543 |

Comhdhéanann an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus nótaí 1 go 15 cuid de na ráitis airgeadais sin

**An Breitheamh Onórach**

**Mary Laffoy Uachtarán**

**Dáta**

**Ráiteas an Choimisiúin Athchóirithe**

**Dlí ar Ioncam Cuimsitheach**

**Bliain airgeadais dár gcríoch 31 Nollag 2019**

| | Nóta | **Bliain dár gcríoch 2019** | **Bliain dár gcríoch 2018** |
|---|---|---|---|
| | | € | E |
| Farasbarr/ (Easnamh) don Bhliain | | 49,108 | 126,396 |
| Caillteanas(Gnóthaigh) Achtúireach ar Eispéireas dhliteanais scéime pinsin | | 986,000 | 510,000 |
| Caillteanas/ (Gnóthaigh) Achtúireach ar bhonn tuisceana dhliteanais scéime pinsin | | | |
| Athruithe i mbonn tuisceana mar bhunchúis le luach reatha dhliteanais scéime pinsin | | | |
| Caillteanais/ (gnóthaigh) achtúireachta ar dhliteanas pinsin | 7(b) | 986,000 | 510,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha | | 986,000 | 510,000 |
| Iomlán na gcaillteanas/ (gnóthaigh) don bhliain | | 49,108 | 126,396 |

Comhdhéanann an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus nótaí 1 go 15 cuid de na ráitis airgeadais sin

**An Breitheamh Onórach Mary**

**Laffoy Uachtarán**

**Dáta**

Ráiteas Staid Airgeadais an

Choimisiúin Athchóirithe Dlí **Ag 31**

**Nollaig 2019**

| | | **2019** | | **2018** | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nóta** | € | € | € | € |
| **Sócmhainní sheasta** | | | | | |
| Sócmhainní inbhraite | **8** | 483,274 | | 447,894 | |
| | | | 483,274 | | 447,894 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infhála | **9** | 172,174 | | 187,776 | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **3** | 118,462 | | 99,429 | |
| | | 290,636 | | 287,205 | |
| **Dliteanais reatha: méideanna a bheidh dlite laistigh bliana** | | | | | |
| Iníoctha | **10** | (102,356) | | (135,107) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 188,280 | | 152,098 |
| | | | 671,554 | | 599,992 |
| **Dliteanais: méideanna a bheidh dlite i ndiaidh níos mó ná bliain** | **11** | | (64,629) | | (77,555) |
| | | | **606,925** | | **522,437** |
| Maoiniú sochair ar scor iarchurtha | **7(c)** | | **5,075,000** | | 3,950,000 |
| Scéimeanna ar scor (dliteanas) | **7(d)** | | **5,075,000** | | 3,950,000 |
| **Glansócmhainní** | | | 606,925 | | 522,437 |
| **Ag léiriú:** | | | | | |
| Cuntas caipitil | **4** | | 483,274 | | 447,894 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte | | | 123,651 | | 74,543 |
| | | | 606,925 | | 522,437 |

Comhdhéanann an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus nótaí 1 go 15 cuid de na ráitis airgeadais sin

**An Breitheamh Onórach**
**Mary Laffoy Uachtarán**

**Dáta**

**An Coimisiún Athchóirithe Dlí**

**Ráiteas Sreabhaidh Airgid**

**Bliain airgeadais dár gcríoch 31 Nollag 2019**

| | **Bliain Dár gcríoch 2019** € | **Bliain Dár gcríoch 2018** € |
|---|---|---|
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | 49,108 | 126,396 |
| Aistriú ó/ (go) Cuntas Caipitil | 35,380 | (35,650) |
| Dímheas | 96,839 | 88,615 |
| Laghdú/ {Ardú) in Infhála | 15,602 | (116,438) |
| Ardú/ (laghdú) in Iníocthaí | (32,751) | {3,033) |
| Ardú/ (laghdú) i gCréidiúnaithe, méideanna le bheith dlite i níos mó ná bliain | (12,926) | (12,926) |
| Airgead ginte ó oibriúcháin | 151,252 | 46,964 |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Ceannachán sócmhainní inbhraite | (132,219) | (52,965) |
| Glanairgead in úsáid do ghníomhaíochtaí infheistíochta | {132,219) | (52,965) |
| **Glanardú/ (laghdú) in airgead agus coibhéisí airgid** | 19,033 | (6,001) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais** | 99,429 | 105,430 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais** | 118,462 | 99,429 |

**1. Polasaithe Cuntasaíochta**

Tá bunús cuntasaíochta agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag an gCoimisiún leagtha amach thíos. Bhí siad ar fad curtha i bhfeidhm go leanúnach le linn na bliana agus i gcomhair na bliana roimhe.

**(a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an Coimisiún Athchóirithe Dlí in 1975 i gcomhréir le forálacha Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975. Is iad príomh-fheidhmeanna an Choimisiúin ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, measúnuithe a dhéanamh agus taighde a dhéanamh ar mhaithe le athchóirithe an dlí agus tairiscintí a fhoirmliú chun athchóirithe an dlí agus reachtaíocht a dhéanamh inrochtana do chách.

**(b) Ráiteas Comhréireachta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin don Choimisiún don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe san UK agus Poblacht na hÉireann eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) de réir fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**(c) Bunús oibriúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhunús costais stairiúla, seachas i gcomhair sócmhainní agus dliteanais áirithe atá tomhaiste ag luachanna cóir de réir mínithe sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm faofa ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhleanúnach i ndéileáil le hearraí a nglactar leo mar ábharach maidir le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

**(d) Airgeadra**

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro (€), agus is é sin freisin airgeadra feidhmíochta an Choimisiúin.

**(e) Ioncam**

Deontas an Oireachtais

Aithnítear Deontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**(f) Feabhsuithe ar Áitribh Léasaithe, Trealamh Oifige agus Suitigh agus Feistis**

Tá feabhsuithe ar Áitribh Léasaithe, Trealamh Oifige agus Suitigh agus Feistis luaite ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d’aon fhoráil laige.

**(f) Dímheas ctd**

Tugtar dímheas ar fheabhsuithe gach áitreabh léasaithe, trealamh oifige agus suitigh is feistis ag rátaí measta chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírigh thar a saolré úsáideach measta den sócmhainn sin mar a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhsuithe Áitribh Léasaithe | - | Thar an Tréimhse Léasaithe | |
| Trealamh Oifige | - | 20% | líne dhíreach |
| Daingneáin agus Suitigh | - | 10% | líne dhíreach |

Léiríonn luach iarmhartach an méid measta a bheadh faighte faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais measta a bhaint as ó dhiúscairt, dá mbeadh an sócmhainn cheana féin ar aois agus coinníoll a mheastar go bhfuil sí ag deireadh a saoil úsáideach.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar lagú luacha sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe i Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte sa bhliain.

Ní raibh aon lagú in 2019.

**(g) Infhála**

Aithnítear infhála ag a luach cóir, lúide foráil i gcomhair fiachais amhrasacha.

Is foráil ar leith é foráil d'fhiachais amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil nach mbeidh an Coimisiún in ann gach méideanna dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach idirbhirt i bhforáil fiachais amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte.

**{h) Léasaithe Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasaithe oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte thar saolré an léasaithe. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírigh thar tréimhse léasaithe, seachas nuair a bhíonn arduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na arduithe sin nuair a ghearrtar iad. Aithnítear aon dreasachtaí thar saolré an léasaithe

**(i) Sochair na bhFostaithe**

Sochair Gearrtréimhseacha

Aithnítear sochair gearrtréimhseacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuirtear sochair carntha ag deireadh na bliana i bhfigiúir Iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Sochair ar scor

Bhunaigh an Coimisiúin a scéimeanna sochair pinsin féin faoi réir codanna 11 agus 12 Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 2975 agus scéimeanna céile agus páistí ranníocacha gaolmhara faoi shocrúcháin riaracháin. Tugtar maoiniú bliantúil do na scéimeanna ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid soláthraithe ag an Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí asbhainte ó thuarastail foirne agus na mball. Oibríonn an Coimisiún freisin an Scéim Pinsin do Sheirbhísí Poiblí Singil ("Scéim Singil"), arbh é sin scéim sochair sainithe do státseirbhísigh inphinsin ceaptha air nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball Scéime Singil chuig an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) trí Oifig an Ard-Aighne.

Léiríonn costais sochair pinsin a fhaigheann fostaithe, agus taispeántar iad ranníocaíochtaí glanphinsin na foirne a bhíonn curtha ar ais chuig oifig an Ard-Aighne. Aithnítear méid a bhaineann le gearradh pinsin mar ioncam chomh fada agus atá sé in-aisghabhála, agus frítháirimh ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthaigh nó caillteanais iarbhír ar dhliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Cuimgithigh, agus aithnítear coigeartú gaolmhar sa mhéid in-aisghabhála ó Oifig an Ard-Aighne.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin an Choimisiúin agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus athníonn sé costais forála na sochar pinsin i dtréimhsí cuntasaíochta ina fhaigheann fostaithe iad. Glactar tomhais de dhliteanais na scéime sochair ar bhonn achtúireach ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

(j) **Breithiúnais Cuntasaíochta Criticiúla agus Meastacháin**

Chun ullmhúchán a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, is gá don bhainistíocht breithiúnais a dhéanamh, mar aon le meastacháin agus toimhdí a imríonn tionchar ar na méideanna tuairiscithe i gcomhair sócmhainní agus dliteanais ag dáta an chláir comhardaithe agus na méideanna tuairiscithe d'ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. D'aineoinn sin, ciallaíonn nádúr meastacháin gur féidir go mbeidh torthaí iarbhír difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasaí ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Luach Iarmhartach Dímheasa

Thug an Coimisiún athbhreithniú ar shaolta sócmhainne agus luachanna iarmhartacha bainteach le gach aicme sócmhainne daingean agus, go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmhartacha le Feabhsuithe ar Áitribh Léasaithe, Suitigh agus Feistis agus trealamh oifige, agus ghlac sé conclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmhartacha cuí.

Oibleagáidí Sochair ar scor

Tugtar nuashonrú do na toimhdí taobh thiar de na luachála achtúireacha a n-aithnítear a méideanna i ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, ráta ardaithe i leibhéil cúitimh sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostas chúram sláinte) nuashonraithe go bliantúil bunaithe ar na coinníollacha eacnamaíocha reatha, agus d'aon athruithe ábhartha do théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus plean iar-scortha.

Is féidir le tionchar teacht ar na toimhdí ag:

(i) An ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ard-cháilíochta
(ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, coinníollacha an mhargaidh saothair sa todhchaí
(iii) Rátaí treochta chostais chúram sláinte, rátaí boilscthe chostas liachta sna réigiúin ábhartha.

**2. Deontas an Oireachtais**

Vótáil Deontas an Oireachtais don Choimisiún ó Oifig an Ard-Aighne (Vóta 3 Focheann A4) mar a léirítear sna ráitis airgeadais, ag comhdhéanamh:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | € | € |
| | 2,073,350 | 2,008,675 |

**3. Airgead agus Coibhéisí Airgid**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais Reatha Bainc | 118,256 | 99,325 |
| Mionairgead | 206 | 104 |
| | 118,462 | 99,429 |

## 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn iarmhéid ar an gCuntas Caipitil luach gan amúchadh na gcistí úsáidte chun sócmhainní sheasta a cheannach.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **447,894** | 483,544 |
| Cuir leis: Méid curtha leis chun sócmhainní sheasta a cheannach | 132,219 | 52,965 |
| Lúide dímheas ar shócmhainní inbhraite | 96,839 | 88,615 |
| Lúide: Diúscairt sócmhainní sheasta - Costas | | |
| Cuir leis: Dímheas Carntha ar Dhiúscairt | | |
| Iarmhéid Deiridh | 483,274 | 447,894 |

**5. Costais Foirne**

Ba iad líon meánach na bhfostaithe agus costas párolla comhiomlán gearrtha le linn na bliana airgeadais:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon meánach na bhfostaithe | 18 | 18 |
| | € | € |
| Pánna agus tuarastail | 1,146,968 | 1,093,725 |

Áirítear leis na figiúirí thuas tuarastail (agus caiteachais, más ann) an Uachtaráin agus an Choimisinéara, agus is mar a leanas na mionsonraithe.

| | 2019 | | | 2018 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Choimisinéara** | **Líon na gCruinnithe Freastalaithe** | **Tuarastal** € | **Caiteachais** € | **Líon na gCruinnithe Freastalaithe** | **Tuarastal** € | **Caiteachais** € |
| **Uachtarán** An Breitheamh Onórach Mary Laffoy (ceaptha 06/10/2018) | 11 | 49,008 | - | 3 | 11,196 | - |
| **Uachtarán Ar Scor** An Breitheamh Onórach John Quirke | | | - | 4 | 36,750 | - |
| **Coimisinéir Lán-Aimseartha** Mr Raymond Byrne | 10 | 148,665 | | 10 | 144,227 | 17 |
| **Coimisinéirí Páirt-Aimseartha** Mr Tom O'Malley | 8 | - | 4,074 | 8 | - | 8,140 |
| An tOllamh Donncha O'Connell | 10 | - | 5,422 | 9 | - | 5,537 |
| An Breitheamh Onórach Carmel Stewart | 9 | - | - | 10 | - | - |
| **Iomlán** | | **197,673** | **9,496** | | **192,173** | **13,694** |

**Miondealú Sochair Gearrtréimhseacha Fostaithe**

Léiríonn an tábla thíos pá na bhfostaithe sa bhreis ar €60,000

| € | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| 60,000 - 69,999 | 1 | 2 |
| 70,000 - 79,999 | 3 | 0 |
| 80,000 - 89,999 | 0 | 0 |
| 90,000 - 99,999 | 1 | 2 |
| 100,000 - 109,999 | 1 | 0 |
| 110,000-119,999 | 0 | 0 |
| 120,000 -129,999 | 0 | 0 |
| 130,000 - 139,999 | 0 | 0 |
| 140,000 - 149,999 | 1 | 1 |

**Sochair na bhFostaithe Comhiomlán**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair Gearrtréimhseacha na Foirne | 1,146,968 | 1,093,725 |
| Sochair Foirceannta | 0 | 0 |
| Costais Sochair ar Scor | 197,355 | 152,364 |
| **Iomlán** | **1,344,323** | **1,246,089** |

Ba é líon iomlán na mball foirne fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana ná 18 (2018

:18) Ní raibh aon sochair toirceannta an Choimisiúin in 2019.

**Príomh-phearsanra Bainistíochta**

Is é íocaíocht iomlán dóibh sin a bhfuil tionchar suntasach/cumhacht cinnteoireachta acu ná €408,077. (€442,785 in 2018). Áirítear leis sin an tUachtarán, na Coimisinéirí agus baill an choiste bainistíochta.

Bhí €35,920 asbhainte ón fhoireann trí mheán tobhaigh pinsin agus íoctha le hOifig an Ard-Aighne (€41,124 in 2018)

## 6. Léasú Oibriúcháin

I Lúnasa 2017, shínigh an Coimisiún léasú ocht mbliana chun an 5ú Urlár Teach Cloiche, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 a áitiú.

Fuair an Coimisiún tréimhse léasaithe 5 mhí gan chíos. Bhí an costas seo scaipthe thar saolré an léasaithe ocht mbliana i gcomhréir le FRS 102.

Bhí an 4ú CBL Sceidealaithe ar €206,029 íoctha in 2017 ar an léasú. Bhí sé sin caipitlithe faoi Fheabhsúcháin Áitribh Léasaithe agus tá dímheas á dhéanamh thar tréimhse léasaithe ocht mbliana.

### Tiomantais Léasaithe

Ag 31ú Nollaig 2019, bhí na íocaíochtaí léasaithe íosmhéid sa todhchaí a leanas ag an gCoimisiún faoi réir léasaithe neamh-inchealaithe ag oibriú léasaithe do gach ceann de na tréimhsí a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh bliana | 260,750 | 260,750 |
| Iníoctha laistigh dhá go cúig bhliana | 1,525,000 | 1,525.000 |
| Iníoctha i ndiaidh cúig bhliana | 381,250 | 762,500 |

## 7. Costais sochair ar scor

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **(a)** | **Anailís ar chostais sochair ar scor iomlán gearrtha ar chaiteachas** | | |
| | Costas na Seirbhíse Reatha | 125,000 | 90,000 |
| | Costas na Seirbhíse Chaite | | |
| | Ús sochair ar scor iomlán gearrtha ar chaiteachas | 75,000 | 65,000 |
| | Ranníocaíochtaí fostaithe | (2,645) | (2,636) |
| | | 197,355 | 152,364 |
| **(b)** | **Gluaiseacht i nglansochar ar scor le linn na bliana airgeadais** | | |
| | Glandhliteanas sochair ar scor ag 1 Eanáir | 3,950,000 | 3,345,000 |
| | Costas na Seirbhíse reatha | 125,000 | 90,000 |
| | Costas na Seirbhíse Chaite<br>Costas Úis | 75,000 | 65,000 |
| | Caillteanais/ (gnóthaigh) achtúireacha | 986,000 | 510,000 |
| | Sochar ar scor íoctha sa bhliain | (61,000) | (60,000) |
| | Glandhliteanas sochair ar scor ag 31 Nollaig | 5,075,000 | 3,950,000 |

**(c) Maoiniú iarchurtha do shochair ar scor**

Aithníonn an Coimisiún méideanna ón Stát i gcomhair dliteanais iarchurtha do shochar ar scor bunaithe ar líon na n-ócáidí caite. Áirítear leis na ócáidí sin tacaíocht reachtúil do scéimeanna Aoisliúntais agus an polasaí agus cleachta maidir le maoiniú do shochar ar scor lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon socrúchán foirmiúil agus dá bharr sin aon bharántas maidir leis na suimeanna sonracha sin leis an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an polasaí maoinithe sin ag cloí leis an luach sin de réir a chéile i gcomhréir leis an bpolasaí reatha.

<u>Is mar a leanas an glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Sochair Ar Scor aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneáilte:</u>

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glanmhaoiniú iarchurtha do Shochair Ar Scor sa bhliain** | | |
| Maoiniú inaisghabháilte maidir le costais sochair ar scor na bliana reatha | 200,000 | 155,000 |
| Deontas an Stáit chun íocaíochta pinsinéirí | (61,000) | (60,000) |
| | 139,000 | 95,000 |

Bhí an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do shochair ar scor ag 31 Nollaig 2019, ar iomlán €5,075,000 (2018: € 3,950,000)

**Nótaí ar na ráitis airgeadais (ar lean) Bliain airgeadais dár gcríoch 31 Nollaig 2019**

| (d) | Stair na n-oibleagáidí sochair | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| | Scéimeanna sochair sonraithe | 5,075,000 | 3,950,000 | 3,345,000 | 3,240,000 |
| | (Gnóthaigh)/ caillteanais eispéiris ar scéim Méid Dliteanais | 986,000 | 510,000 | 19,000 | 356,000 |
| | Céatadán an luacha reatha le Dliteanais na Scéime | 19% | 13% | 0.6% | 11% |

Tá (gnóthaigh) agus caillteanais carnacha iarbhír aitheanta i Ráiteas Ioncaim Cuimsithigh, ar iomlán, €2,068,900 ag 31 Nollaig 2019 (2018: € 1,082,900)

**(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Bhunaigh an Coimisiúin a scéimeanna sochair pinsin féin faoi réir codanna 11 agus 12 Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 2975 agus scéimeanna céile agus páistí ranníocacha gaolmhara faoi shocrúcháin riaracháin. Tugtar maoiniú bliantúil do na scéimeanna ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid soláthraithe ag an Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí asbhainte ó thuarastail foirne agus na mball. Oibríonn an Coimisiún freisin an Scéim Pinsin do Sheirbhísí Poiblí Singil ("Scéim Singil"), arbh é sin scéim sochair sainithe do státseirbhísigh inphinsin ceaptha air nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball Scéime Singil chuig an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) trí Oifig an Ard-Aighne.

Bhí an luacháil a úsáidtear i gcomhair Nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag gach dáta déanta ag achtúire cáilithe neamhspleách chun cuntas a ghlacadh de riachtanais FRS 102 chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ag 31 Nollaig 2019.

| Toimhdí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ráta ardaithe ionchasach ar thuarastail | 2.5% | 2.5% |
| Ráta ardaithe pinsin in íocaíocht | 2.5% | 2.5% |
| Ráta Lascaine | 1.0% | 1.85% |
| Boilsciú | 1.75% | 1.75% |

Ceadaíonn na rátaí mortlaíochta glactha i gcomhair feabhsuithe in ionchais saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag aois scortha ar an mbliain ina shroicheann ball an aois scortha (aois 65). Léiríonn an tábla a leanas ionchas saoil do bhaill a shroicheann aois 65 in 2019 agus 2018.

| Bliain a shroich siad aois 65 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - Ionchas | 21.5 | 22 |
| saoil fir - mná | 24 | 24 |

**8 Sócmhainní** inbhraite

| | Feabhsuithe ar Áitribh Léasaithe | Trealamh Oifige | Suitigh agus feistigh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2019 | 330,829 | 1,114,287 | 619,042 | 2,064,158 |
| Suimithe | | 126,009 | 6,210 | 132,219 |
| **Ag 31 Nollag 2019** | **330,829** | **1,240,296** | **625,252** | **2,196,377** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2019 | 53,839 | 979,977 | 582,448 | 1,616,264 |
| Costas don bhliain airgeadais | 41,354 | 51,155 | 4,330 | 96,839 |
| **Ag 31 Nollag 2019** | **95,193** | **1,031,132** | **586,778** | **1,713,103** |
| **Suim ghlanluacha** | | | | |
| **Ag 31 Nollag 2019** | **235,636** | **209,164** | **38,474** | **483,274** |
| Ag 31 Nollag 2018 | 276,990 | 134,310 | 36,594 | 447,894 |

**9. Infhála**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infhála Eile | 1,664 | 15,639 |
| Réamhíocaíochtaí | 170,510 | 172,137 |
| | 172,174 | 187,776 |

**10. Iníoctha**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Créidiúnaithe eile | | 1,360 |
| Cáin agus árachas sóisialach: | | |
| PAYE agus leas sóisialta | 30,243 | 38,122 |
| VAT | 22,852 | 10,312 |
| PSWT | 4,975 | 5,300 |
| Fabhruithe | 31,360 | 67,087 |
| Fabhrú tréimhse léasaithe saor ó chíos < 1 bln. | 12,926 | 12,926 |
| | 102,356 | 135,107 |

## 11. Dliteanais: méideanna le bheith dlite i níos mó ná bliain

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhrú tréimhse léasaithe saor ó chíos < 1 bln. | 64,629 | 77,555 |

## 12. Tiomantais Caipitil

Ní raibh aon tiomantais caipitil ag an gCoimisiún ag 31 Nollaig 2019

## 13. Nochtuithe Páirtithe bainteacha

Is iad a bhfuil go leor tionchair/cumhacht cinnteoireachta acu sa Choimisiúin ná an tUachtarán, na Coimisinéirí agus baill an choiste margaíochta. Ar iomlán, bhí an cúiteamh iomlán íoctha do phearsanra le go leor tionchair/cumhacht cinnteoireachta €408,077 in 2019 (2018: €442,785)

I gcomhair breacadh síos den íocaíocht agus sochair íoctha le príomh-phearsanra bainistíochta, féach Nóta 5.

Glacann an Coimisiún nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn suimneanna pearsanta Bhaill an Choimisiúin. I gcúrsa normálta gnó, is féidir leis an gCoimisiún faomhadh a thabhairt do dheontais nó comhaontuithe conraitheacha a shíniú le eintitis ina bhfuil Baill an Choimisiúin fostaithe nó leas eile acu iontu.

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016) maidir le nochtadh suimeanna ag Baill an Choimisiúin agus bhí comhlíonadh ann do na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhirt sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon suim leasmhara na mball.

## 14. Covid-19

I gcomhréir le FRS102, is ócáid Iar-chlár comhardaithe neamh-choigeartaithe é COVID-19, gan tionchar ar na ráitis airgeadais do 2019. Leanfaidh an Coimisiún ag tabhairt measúnaithe ar thionchair na ríoscaí ag teacht chun cinn ar a oibriúcháin le linn 2020, lena n-áirítear aon chostais nó mallachair féideartha ar gá dóibh a bheith léirithe sna Ráitis Airgeadais 2020.

## 15. Faomhadh ar ráitis airgeadais

Thug an Coimisiún faomhadh do na ráitis airgeadais ag a chruinniú ar an 12ú Lúnasa 2020.